TÚSLA

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Child and Family Agency

# Plean Gnó 2022



# Clár na nÁbhar


Réamhfhocal 05

Maidir leis an bPlean seo 08

Caibidil 1: Gníomhaíochtaí agus Gníomhaíocht an Phlean Gnó 2022 09

Caibidil 2: Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) agus an tSeirbhís um Measúnú agus Rialúchán Oideachais Mhalartaigh (AEARS)) 16

Caibidil 3: Creat Airgeadais 18

- Forléargas 18
- Plean Buiséid 2022 agus Maoiniú Seirbhíse Réamh-mheasta 18
- Próifíliú agus Tuairisciú Airgeadais 19
- Caiteachas Caipitiúil 19

Caibidil 4: Próifíl Acmhainní Daonna 20

- Forléargas 20
- Plean Fhoireann Oibre Tusla 20
- *Tusla Recruit* 20
- Acmhainn 21
- Coinneáil Foirne 21

Aguisín 1 – Creat Airgeadais (Forlíontach) 22

- Maoiniú Foriomlán le haghaidh 2022 22
- Toradh Ionchais le haghaidh 2021 23
- Réimsí Riosca Airgeadais 25
- Caiteachas Caipitiúil 28
- Tosaíochtaí Airgeadais 2022 29
- Tosaíochtaí Soláthair 30

Aguisín 2 - Gluais Téarmaí 31








# Réamhfhocal

**Thar ceann Bhord agus Fheidhmeannas na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, cúis áthais dúinn Plean Gnó 2022 a chur i láthair an phobail. Tá an Plean Gnó seo bunaithe ar thosaíochtaí an Rialtais mar atá sonraithe i Ráiteas Feidhmíochta an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus sonraítear ann na príomhghníomhaíochtaí atá le cur i gcrích ag an nGníomhaireacht in 2022. Chomh maith leis sin, i mbliana tá tagairt déanta i gCaibidil 2 den phlean seo do na tosaíochtaí atá sonraithe ag an Aire Oideachais. Rinneadh an cinneadh seo i ndiaidh leasaithe ar mhaoirseacht an Rialtais ar fheidhmeanna sonraithe sa Ghníomhaireacht.**

I rith thréimhse an phlean seo beidh an Ghníomhaireacht ag tabhairt faoin dara bliain de Phlean Corparáideach 2021 – 2023. Táimid ag leanúint le béim a leagan ar chúrsaí a fheabhsú sna trí fhearann seo a leanas - Cleachtas, Cultúr agus Struchtúr.

Sonraítear sa phlean seo gníomhaíochtaí agus spriocanna uaillmhianacha a bhfuil sé mar aidhm leo na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn do Leanaí agus Teaghlaigh a fheabhsú, comhlíonadh a fheabhsú sna réimsí rialúcháin éagsúla a ndéantar measúnú ar an nGníomhaireacht lena n-aghaidh agus an timpeallacht inar mian linn foireann oibre ardoilte a earcú agus a choimeád a fhorbairt.

Tá breis is 54 gníomhaíocht sonraithe i mbliana, céim shoiléir a bhfuil sé mar aidhm léi na spriocanna ar féidir iad a úsáid chun ár bhfeidhmíocht i gcomparáid lena bhfuil sonraithe sa phlean a thomhas. Táimid ag díriú ar an bpobal i gcoitinne agus ar mhionlaigh éagsúla agus ar dhaoine atá ag déileáil le heisiamh, agus tá sé mar aidhm lenár ngníomhaíochtaí freagairt do raon leathan riachtanas. Is fianaise í an éagsúlacht ábhair a phléitear sna gníomhaíochtaí, lena n-áirítear cosaint leanaí, tacaíocht teaghlaigh, rialúchán, oideachas speisialtachta, foréigean teaghlaigh, uchtú agus ionchuimsiú ar an raon leathan feidhmeanna reachtúla atá i gceist san obair atá á déanamh ag Tusla.

Beimid ag déileáil le tionchar Covid 19 agus an Chibirionsaithe i rith 2022 freisin. I bplean mór straitéiseach in TFC chun an tionscadal TuslaIRL a thabhairt chun críche agus chun an chéad ghlúin eile den Chóras Náisiúnta Faisnéise um Chúram Leanaí (NCCIS) a fhorbairt, déanfaidh an Ghníomhaireacht neamhspleáchas praiticiúil a bhaint amach ina cuid córas TFC, bainistithe cásanna agus bainistíochta faisnéise. Beidh go leor buntáistí ag baint le hardán éifeachtúil, éifeachtach agus slán TFC.

Beidh 'bealaí oibre' nua agus níos mó solúbthachta mar bhonn lena chinntiú gur féidir linn seirbhísí a sholáthar i gcomhthéacs sláinte poiblí éiginnte, an cineál comhthéacs ina bhfuilimid ag maireachtáil faoi láthair. Má chuirtear isteach gan choinne ar an saol arís, leanfaimid orainn, in 2022, le tús áite a thabhairt do Chosaint Leanaí, Leanaí i gCúram agus seirbhísí freagartha Foréigean Teaghlaigh/Gnéis.

Chomh maith leis sin, tá obair na Gníomhaireachta ag brath go mór ar ár gcomhpháirtithe maoinithe, agus tá breis is 600 aonad i gceist. Le déanaí d'éirigh linn cur leis na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh agus lena n-inbhuanaitheacht agus táimid ag súil le leanúint leis an obair seo in 2022.

Is eagraíocht é Tusla atá ag brath ar dhaoine, agus is í an fhoireann oibre an tsócmhainn is tábhachtaí atá ag an eagraíocht. I measc na dtréithe a d'fhéadfaí a lua leis an 5,000 duine nó mar sin a thabharfaidh an plean seo chun beochta tá daoine a bhfuil eolas speisialtachta acu, atá an-tiomanta agus atá toilteanach tabhairt faoina gcuid oibre ar bhealach solúbtha. Is mian linn buíochas ó chroí a ghabháil leo.

Pat Rabbitte
**Chairperson**

Bernard Gloster
**CEO**

## ÁR BHFÍS

Tá ar chumas teaghlach agus pobal leanaí a choinneáil sábháilte agus iad a thógáil, agus tá aird á tabhairt ar cheart an linbh cosaint, cobhsaíocht agus tacaíocht a fháil ó líonra teaghlaigh agus pobail.

## ÁR MISEAN

Táimid tiomanta do bheith ag obair i gcomhpháirt le leanaí, teaghlaigh agus pobail d'fhonn a chinntiú go dtacaítear, go gcosnaítear agus go nasctar leanaí atá ar an ngannchuid nó i mbaol díobhála le daoine atá in ann a leas a chumhdach agus a chur chun cinn i rith a saoil.



# Ár Luachanna agus ár nIompar

### Muinín

Beimid ionraic, macánta agus freagrach nuair a bheidh ár seirbhísí á soláthar againn.

Beidh meas againn ar phríobháideachas.

Lorgóimid aiseolas agus úsáidfimid an t-aiseolas sin chun cabhrú linn dul i bhfeabhas.

Cinnteoimid go mbeidh na gealltanais atá tugtha againn á gcomhlíonadh.

### Meas

Caithfimid le dínit agus go cothrom le daoine.

Comhoibreoimid agus oibreoimid i gcomhpháirt le daoine eile.

Cuirfimid tuairimí agus eispéiris daoine eile san áireamh.

Déanfaimid cumarsáid ar bhealach a chabhraíonn le daoine an méid atá á rá a thuiscint agus cinnteoimid go mbeidh cluas éisteachta á tabhairt againn do dhaoine.

### Cineáltas

Beimid tuisceanach nuair a bheimid ag cabhrú le daoine a dteastaíonn cabhair uathu.

Cabhróimid le daoine más léir dúinn go dteastaíonn cabhair uathu.

Beimid cineálta nuair a bheidh cinntí á míniú againn fiú nuair atá cinntí casta le déanamh.

### Cumasú

Déanfaimid tréaniarracht cabhrú le duine barr a c(h)umais a bhaint amach.

Cinnteoimid go mbeimid ag foghlaim go leanúnach agus go mbeidh ár n-eolas agus scileanna á bhforbairt go leanúnach.

Oibreoimid le chéile lenár bpáirtithe leasmhara chun ár gcuspóirí comhchoiteanna a chomhlíonadh.

Déanfaimid tréaniarracht oibriú le daoine eile chun réitigh a fhorbairt a théann chun tairbhe daoine eile.



Cleachtas Cultúr Struchtúr

# Ár gCuspóirí



**1**

A chinntiú go bhfaigheann leanaí, daoine óga, teaghlaigh agus pobail freagairt chomhsheasmhach, ar ardchaighdeán agus chomhtháite ó gach seirbhís.

**2**

Seirbhís rialála neamhspleách a sholáthar atá dírithe ar shábháilteacht agus leas leanaí agus daoine óga trí fheabhas leanúnach agus comhpháirtíocht le páirtithe leasmhara.



**3**

A chinntiú go dtacaítear le agus go gcumasaítear ár mball foirne agus ceannairí le bheith ag foghlaim agus ag feabhsú go leanúnach ionas gur féidir le leanaí, teaghlaigh agus pobail tairbhe a bhaint as ár seirbhís.



**4**

A chinntiú go n-éascaíonn agus go dtacaíonn córais agus acmhainní Náisiúnta, a thacaíonn le comhtháthú agus le cuntasacht, lenár bhfoirne agus seirbhísí áitiúla.



# Maidir leis an bPlean seo

## Fáilte chuig Plean Gnó Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2022.

Is é seo an dara Plean Gnó as trí Phlean Gnó ina sonraítear na gníomhaíochtaí a bheidh le cur i gcrích againn chun na spriocanna agus cuspóirí a bhfuil gealltanas tugtha againn maidir leo trínár bPlean Corparáideach 2021 - 2023[1], a chur chun feidhme. Cuireadh an Plean Gnó seo i dtoll a chéile faoi Stiúir an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (CEDIY) don Ghníomhaireacht, agus sonraítear ann feabhsuithe agus forbairtí sonracha. Ní léargas le fáil ann ar ghníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta.

---

Tá eolas le fáil i **gCaibidil a hAon** den phlean seo faoi na gníomhaíochtaí a chuirfear i gcrích in 2022. Tá na gníomhaíochtaí sin sainaitheanta mar ghníomhaíochtaí a bheidh mar bhonn le feabhas spriocdhírithe nó gníomhaíocht mhéadaithe a bhfuil gealltanas tugtha ina leith inár bPlean Corparáideach. Sonrófar sna gníomhaíochtaí sin na haschuir incriminteacha atá le baint amach de réir mar a bheimid ag obair ar na gníomhaíochtaí atá sonraithe inár bPlean Gnó. Beidh toradh na ngníomhaíochtaí seo ar fad mar bhonn le feabhsuithe ar na seirbhísí a rachaidh chun tairbhe na ndaoine a bhfuilimid ag freastal orthu.

---

Sonraítear i **gCaibidil a Dó na** gníomhaíochtaí a chuirfidh Seirbhís Oideachais agus Tacaíochta Tusla (TESS) agus an tSeirbhís um Measúnú agus Rialúchán Oideachais Mhalartaigh (AEARS) i gcrích in 2022. I ndiaidh chinneadh an Rialtais in 2020, aistríodh feidhmeanna na Gníomhaireachta i ndáil leis an dá sheirbhís seo faoi stiúir beartais agus reachtach na Roinne Oideachais (DoE). De bhrí go bhfuil treoir le haghaidh na seirbhísí seo á soláthar ag an Aire Oideachais le haghaidh gach ceann de na seirbhísí, tá eolas maidir leis na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na seirbhísí seo á sholáthar ar leithligh anois.

---

Tá eolas le fáil i **gCaibidil a Trí** maidir leis an gCreat Airgeadais a bheidh mar bhonn lenár gcuid oibre in 2022 i gcomhthéacs an mhaoinithe fhoriomláin atá leithdháilte ar an nGníomhaireacht. Déantar cur síos ar an maoiniú a leithdháileadh ar thionscnaimh tosaíochta in 2022 (nasctha lenár spriocanna agus cuspóirí), agus ag an am céanna tarraingítear aird ar na rioscaí airgeadais a mbeidh ar an nGníomhaireacht déileáil leo in 2022. Tá an plean caiteachais chaipitiúil, rialachas airgeadais, tuairisciú airgeadais, tionchar bhrú chostas 2021 agus bhrú chostas ionchais 2022 pléite sa chaibidil seo freisin.

---

Tá eolas le fáil i **gCaibidil a Ceathair** maidir leis na tosaíochtaí atá ag feidhm Acmhainní Daonna (AD) Tusla in 2022. Leanfaidh Tusla Recruit le hacmhainní a chur ar fáil don Ghníomhaireacht chun tacú le seirbhísí comhtháite ar ardchaighdeán a sholáthar do Leanaí agus do Theaghlaigh. Tá feidhm AD Tusla tiomanta do bheith ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) in 2022 agus le páirtithe leasmhara eile i ndáil le foinsiú, earcú, forbairt agus tacú lena fhoireann oibre. Tá eolas le fáil sa chaibidil seo maidir leis an ngealltanas seo i ndáil leis na gnéithe AD seo ar fad.

---

Tá an plean seo, agus Plean Corparáideach 2021 - 2023, le fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.tusla.ie/publications



1. Tá eolas comhthéacsúil maidir lenár seirbhísí agus timpeallacht oibríochtúil le fáil i bPlean Corparáideach 2021 – 2023.

# Caibidil 1

## Gníomhaíochtaí agus Gníomhaíocht an Phlean Gnó 2022

Tá eolas le fáil sa Chaibidil seo faoi ghníomhaíochtaí an Phlean Gnó a bheidh mar bhonn le tacú lenár ngealltanas maidir le feabhsuithe spriocdhírithe/breis gníomhaíochta a bhfuil gealltanas tugtha ina leith inár bPlean Corparáideach 2021 – 2023.

### 01 A chinntiú go bhfaigheann leanaí, daoine óga, teaghlaigh agus pobail freagairt chomhsheasmhach, ar ardchaighdeán agus chomhtháite ó gach seirbhís.

| 1.1 | Cur chuige comhsheasmhach náisiúnta maidir le cleachtas a leabú agus a fhorbairt inár gconairí freagartha ar fad | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **1.1(a)** | Tríd an nGrúpa Stiúrtha Chomhtháite (ISG) d'Athchóiriú Cleachtais, acmhainní breise a spriocdhíriú ar réigiúin tosaíochta agus a bhfreagairt do leanaí a bhfuil tosaíocht íseal/mheánach sannta dóibh a fheabhsú tuilleadh ar feitheamh freagairt cosanta/leasa leanaí. | Ráithe 4 | • Laghdú 10% ar liostaí feithimh (CPW) **(5% faoi dheireadh Ráithe 2/5% faoi dheireadh Ráithe 4)** |
| **1.1(b)** | Athbhreithniú Cleachtais Comhpháirteach a chur chun feidhme i ngach réimse mar mheicníocht feabhais cáilíochta le haghaidh atreorú agus idirghabháil Chosaint agus Leas Leanaí agus rialachas pleanáil sábháilteachta éifeachtach a fheabhsú trí shonraí feabhsaithe maidir le dul chun cinn a sholáthar i dtuarascálacha maidir le dul chun cinn. | Ráithe 4 | • Feabhas 3% ar chomhlíonadh agus caighdeáin HIQA comhlíonta trí cháilíocht feabhsaithe pleanála sábháilteachta/rialachas pleanála sábháilteachta uilechórais feabhsaithe **(Ráithe 4)** |
| **1.1(c)** | A chinntiú go bhfuil tacaíochtaí comhleanúnacha agus comhtháite ar fáil do ghrúpaí leochaileacha lena n-áirítear leanaí scartha atá ag lorg tearmainn, marthanóirí Foréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Ar Bhonn Inscne (DSGBV), Pobal an Lucht Siúil agus na Romach agus Pobal LGBTI+. | Ráithe 4 | • 5 Aonad DSGBV de lóistín sábháilte a oscailt in 2022 (3 x Aonad Baile Sábháilte i mBaile Átha Cliath **(Ráithe 1)**, 2x aonad tearmainn i gCill Chainnigh **(Ráithe 2)**)<br>• Oibrí DSGBV a leithdháileadh ar gach ceantar Tusla chun tacú le híospartaigh DSGBV mar chuid de fhreagairt ildisciplíneach d'atreoruithe DSGBV ag an doras tosaigh **(Ráithe 2)**<br>• Plean Feidhmithe maidir le Moltaí Athbhreithniú Lóistín DSGBV bunaithe **(Ráithe 2)**<br>• Leanfaidh an Ghníomhaireacht i dteannta le DCEDIY, agus leis an Roinn Dlí agus Cirt, le breis comhoibrithe maidir leis an obair atá á déanamh chun struchtúr aonair stáit a bhunú a bheidh le cinneadh sa 3ú Straitéis Náisiúnta DSGBV **(Ráithe 4)**<br>• Athbhreithniú ar chlár oiliúna reatha WLD TUSLA *'Diversity in Modern Ireland'* **(Ráithe 2)**<br>• Príomhthacair sonraí DSGBV sainaitheanta agus modheolaíocht tiomsaithe forbartha **(Ráithe 4)**<br>• An líon struchtúr CYPSC ag a bhfuil ionadaíocht ó phobal an Lucht Siúil a mhéadú ó 22 CYPSC (81%) go dtí 27 CYPSC (100%) **(Ráithe 4)**<br>• 5 duine bhreise de phobal an Lucht Siúil fostaithe in Tusla tríd an Scéim Tacaíochta Fostaíochta **(Ráithe 4)**<br>• 6 chúramóir altrama ceadaithe (3 i ngach réigiún) ó phobal an Lucht Siúil i réigiún DNE agus DML **(Ráithe 4)** |

| 1.2 | Leanúint ar aghaidh le córais dearbhaithe cáilíochta agus feabhsaithe seirbhíse a chur chun feidhme inár gconairí freagartha | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **1.2(a)** | Struchtúr rialachais cáilíochta agus riosca chaighdeánaithe a leabú le haghaidh seirbhísí oibríochtúla atá ailínithe ó leibhéal ceantair go dtí leibhéil réigiúnacha agus náisiúnta. | Ráithe 4 | • Coistí Náisiúnta agus Réigiúnacha (6) Bainistíochta Riosca agus Feabhsaithe Seirbhíse bunaithe chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus feabhas seirbhíse i 17 gCeantar **(Ráithe 1)**<br>• Cur chuige comhsheasmhach a chur chun feidhme maidir le hullmhú iniúchtaí HIQA, an méid atá foghlamtha a roinnt agus torthaí iniúchtaí a fheabhsú i 17 gceantar **(Ráithe 2)**<br>• Méadú 3% ar Chaighdeáin HIQA a chomhlíonadh **(Ráithe 4)** |

| 1.2 | Leanúint ar aghaidh le córais dearbhaithe cáilíochta agus feabhsaithe seirbhíse a chur chun feidhme inár gconairí freagartha | | |
|---|---|---|---|
| Tag. # | Gníomhaíocht an Phlean Gnó | Dlite | Aschuir Bhliain a 2 |
| 1.2(b) | Creat Cleachtais Iniúchta nua a chur chun feidhme chun rátálacha dearbhaithe a sholáthar. | Ráithe 1 | • Creat Cleachtais Iniúchta le moltaí caighdeánaithe agus rátáil dearbhaithe fhoriomláin le haghaidh gach iniúchadh cleachtais (Ráithe 1) |

| 1.3 | Tacú le pleanáil bhuaine le haghaidh leanaí agus daoine óga i gcúram agus tacú lenár gcúramóirí agus soláthraithe cúraim bailte sábháilte agus oiliúnacha a chur ar fáil do leanaí a thacaíonn le caidreamh ar feadh an tsaoil | | |
|---|---|---|---|
| Tag. # | Gníomhaíocht an Phlean Gnó | Dlite | Aschuir Bhliain a 2 |
| 1.3(a) | Críoch a chur le creat pleanála cúraim chun léargas a thabhairt ar ár gcuspóir .i. buaine a sholáthar do leanaí atá i gcúram agus tús áite a thabhairt do chur chun feidhme le haghaidh leanaí atá níos sine ná 16 bhliain d'aois, tús a chur le pleanáil sábháilteachta le haghaidh leanaí i gcúram agus acmhainní nua a spriocdhíriú ar réimsí tosaíochta ar mhaithe le feidhmíocht a fheabhsú. | Ráithe 4 | • Tá plean cúraim ag 100% de leanaí atá os cionn 16 bhliain d'aois agus i gcúram ina dtugtar léargas ar a gcuspóirí buaine (Ráithe 2)<br>• Feabhas 3% ar chaighdeáin HIQA a chomhlíonadh (Pleanáil Chúraim & Pleanáil Sábháilteachta) (Ráithe 4) |
| 1.3(b) | A chinntiú go bhfuil an córas réidh chun Reachtaíocht maidir le Faisnéis agus Rianú Breithe a chur chun feidhme. | Ráithe 4 | • An fhoireann oibre uchtála a mhéadú 20% (Ráithe 2)<br>• Beidh 100% de na táirgí insoláthartha comhlíonta laistigh den tionscadal reachtaíochta uchtála (Ráithe 3)<br>• Beidh laghdú 10% ar an líon cásanna atá ag feitheamh ar leithdháileadh le haghaidh faisnéise agus rianaithe (5% faoi dheireadh Ráithe 2/5% faoi dheireadh Ráithe 4) |
| 1.3(c) | Infhaighteacht agus caighdeán na seirbhísí iarchúraim atá ar fáil do dhaoine óga a fheabhsú. | Ráithe 4 | • Méadú 10% ar an líon daoine óga atá 18 mbliana d'aois agus níos sine a bhfuil oibrí iarchúraim leithdháilte orthu sa chás go léirítear ina bplean iarchúraim go bhfuil gá lena leithéid. (5% faoi dheireadh Ráithe 2/5% faoi dheireadh Ráithe 4)<br>• Foghrúpaí Náisiúnta Maoirseachta Iarchúraim bunaithe, agus tosaíochtaí agus pleananna oibre forbartha (Ráithe 2)<br>• Straitéis Oideachais do Dhaoine Óga atá ag Fágáil Seirbhísí Cúraim forbartha (Ráithe 3)<br>• Uirlis bainistíochta riar cásanna iarchúraim bunaithe (Ráithe 2) |

| 1.4 | Oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile chun iniúchadh, measúnú agus tacaíocht a thabhairt do leanaí, daoine óga agus aosaigh a d'fhulaing mar thoradh ar mhí-úsáid | | |
|---|---|---|---|
| Tag. # | Gníomhaíocht an Phlean Gnó | Dlite | Aschuir Bhliain a 2 |
| 1.4(a) | An síneadh a cuireadh le Samhail Barnahus a chur chun feidhme i gCorcaigh faoi rialachas Tusla agus tacú le cur chun feidhme Barnahus an Oirthir faoi rialachas Shláinte Leanaí Éireann (CHI). | Ráithe 4 | • Bainisteoir ceaptha in ionad Barnahus Chorcaí (Ráithe 2) agus breis ball foirne agus conair atreoraithe bunaithe (Ráithe 4)<br>• Conairí atreoraithe Tusla le haghaidh Barnahus an Oirthir le bunú (Ráithe 2)<br>• Ball foirne Tusla ceaptha le haghaidh Barnahus an Oirthir (Ráithe 4)<br>• Conair theiripeach le haghaidh leanaí agus teaghlach i seirbhís Barnahus mapáilte agus plean feidhmithe bunaithe (Ráithe 4) |
| 1.4(b) | Críoch a chur le agus creat comhtháite leasaithe a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí teiripeacha do leanaí i gcúram a ndearnadh díobháil dóibh nó ar baineadh mí-úsáid astu. | Ráithe 3 | • Críoch curtha le mapáil gach seirbhís theiripeach Tusla agus gach seirbhís theiripeach coimisiúnaithe ag Tusla (Ráithe 1)<br>• Críoch a chur le creat comhtháite leasaithe le haghaidh seirbhísí teiripeacha do leanaí a ndearnadh díobháil dóibh nó ar baineadh mí-úsáid astu (Ráithe 2)<br>• Ó Ráithe 3 ar aghaidh, déanfar measúnú ildisciplíneach agus plean cúraim a chur i gcrích le haghaidh gach leanbh agus duine óg atá díreach tosaithe ag baint tairbhe as seirbhísí cúraim (Ráithe 3) |

| 1.5 | Leanaí agus daoine óga a chosaint ó dhíobháil fhéideartha trí fhaisnéis riachtanach agus chomhréireach a roinnt le daoine eile | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **1.5(a)** | Córas éifeachtach agus sábháilte a bhunú agus cinneadh a dhéanamh maidir le toradh líomhaintí maidir le mí-úsáid leanaí faoin Nós Imeachta chun Mí-úsáid Leanaí a Shuíomh (CASP). | Ráithe 4 | • Beartas & nósanna imeachta CASP, oiliúint agus córas Cásbhainistithe bunaithe **(Ráithe 1)**<br>• CASP a chur chun feidhme ina iomláine **(Ráithe 2)**<br>• Laghdú 10% ar chásanna CASP ar feitheamh leithdháilte **(5% faoi dheireadh Ráithe 2/5% faoi dheireadh Ráithe 4)** |

| 1.6 | Leanúint le feabhsuithe a dhéanamh i ndáil le sláinte agus sábháilteacht ár mball foirne, ár n-úsáideoirí seirbhíse, agus i ndáil lenár gceanglais reachtúla agus rialála a chomhlíonadh | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **1.6(a)** | Córas bainistíochta sábháilte a bhunú ionas gur féidir le Tusla ráitis sábháilteachta suíomhoiriúnaithe a chur san áireamh le haghaidh 35% d'fhostaithe Tusla agus Céim 1 de Straitéis um Fhoréigean, Díobháil agus Ionsaí (VHA) san Áit Oibre Tusla a chur chun feidhme. | Ráithe 4 | • Ráitis Sábháilteachta Suíomhoiriúnaithe d'Áiteanna Oibre bunaithe le haghaidh 35% d'fhostaithe Tusla **(15% faoi dheireadh Ráithe 2/20% faoi dheireadh Ráithe 4)**<br>• Cúrsa oiliúna éigeantach ar líne VHA cruthaithe agus á rolladh amach le haghaidh gach fostaí **(Ráithe 2)**<br>• Oiliúint VHA curtha i gcrích le haghaidh bhaill foirne uile na Seirbhíse Cónaithe do Leanaí **(Ráithe 4)** |

| 1.7 | Leanúint lena chinntiú go bhfuil daoine, próisis agus córais éifeachtacha bunaithe againn chun tacú le agus chun ár n-oibleagáidí reachtúla agus rialála a chomhlíonadh nuair a bhíonn sonraí pearsanta á bpróiseáil againn | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **1.7(a)** | Tacú leis na nGníomhaireacht chun na hathruithe riachtanacha teicniúla, eagraíochtúla agus cultúrtha atá ag teastáil in Tusla chun cur ar a chumas a thimpeallacht comhlíonta agus rialaithe cosanta sonraí agus saorála faisnéise (SF) a shainaithint, a chur chun feidhme agus a leabú. | Ráithe 4 | • Dhá chomhpháirt de Shamhail Oibriúcháin DP beachtaithe tuilleadh agus curtha chun feidhme **(Ráithe 3)**<br>• Measúnú déanta ar chúig ghníomhaíocht próiseála ardriosca le haghaidh riosca cosanta sonraí **(Ráithe 4)**<br>• Gníomhaíocht spriocdhírithe oiliúna nó feasachta amháin curtha ar fáil gach ráithe **(Ráithe 1 – Ráithe 4)** |
| **1.7(b)** | Tacaíocht leanúnach laethúil seirbhíse a sholáthar don Ghníomhaireacht i ndáil le ceanglais cosanta sonraí agus saorála faisnéise a chomhlíonadh. | Ráithe 4 | • Creat seachfhoinsithe Iarratas Duine ar a S(h)onraí (SAR)/SF curtha chun feidhme, agus riaráiste reatha laghdaithe 50% **(Ráithe 4)**<br>• Tacú leis an nGníomhaireacht le hacmhainn a fhorbairt ar mhaithe le SAR/SF a chomhlíonadh, rud a bheidh mar bhonn le deichniúr breise a cheapadh mar bhaill den fhoireann oibre réigiúnaí cosanta sonraí **(Ráithe 4)**<br>• Fógraí sáraithe curtha faoi bhráid an Choimisinéara Cosanta Sonraí (DPC) laistigh de 72 uair an chloig ón gcéaduair a sainaithnítear an fógra sáraithe **(Ráithe 1 – Ráithe 4)**<br>• Ceisteanna a chuirtear faoi bhráid Dheasc Chabhrach an Aonaid um Chosaint Sonraí (DPU) freagartha laistigh de 2 sheachtain i ndiaidh iad a fháil **(Ráithe 1 – Ráithe 4)**<br>• Teagmháil ráithiúil leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí (DPC) agus le hOifig an Choimisinéara Faisnéise (OIC) **(Ráithe 1 – Ráithe 4)** |

## 02 Seirbhís rialála neamhspleách a sholáthar atá dírithe ar shábháilteacht agus leas leanaí agus daoine óga trí fheabhas leanúnach agus comhpháirtíocht le páirtithe leasmhara

| 2.1 | Dlús a chur le sláinte, forbairt agus leas leanaí trí chomhpháirtíocht agus cumarsáid le páirtithe leasmhara a neartú | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **2.1(a)** | Tuismitheoirí, caomhnóirí agus cúramóirí a chumhachtaí trí aird a tharraingt ar rialúchán, a thacaíonn le roghanna eolasacha. | Ráithe 4 | • Próiseáiltear 100% d'atreoruithe chuig Cumhdach Leanaí a bhaineann le faisnéis gan iarraidh laistigh de chúig lá **(Ráithe 1 - Ráithe 4)**<br>• Tá córais bunaithe chun aiseolas agus ábhar atá ag déanamh imní do thuismitheoirí a mhonatóiriú agus a rianú **(Ráithe 1)** |
| **2.1(b)** | Ár gcomhpháirtíocht leis an Rialtas, gníomhaireachtaí stáit eile, an saol acadúil, ionadaithe agus a gcuid eagraíochtaí a neartú ar mhaithe le sábháilteacht, forbairt agus leas leanaí atá ag baint úsáide as na seirbhísí atá á rialú againn. | Ráithe 3 | • Ceithre fhóram soláthraí agus dhá sheimineár gréasáin faisnéise eagraithe le haghaidh soláthraithe Rialúchán Seirbhísí do Leanaí (CSR) **(Ráithe 3)** |

| 2.2 | A chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha bunaithe againn agus gur féidir linn na gnéithe sin de sheirbhísí rialaithe nach bhfuil an caighdeán riachtanach á chomhlíonadh acu a shainaithint | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **2.2(a)** | Freagairt go cuí do sheirbhísí trí chórais a fhorbairt a bhfuil faisnéis rialála ag tacú leo. | Ráithe 4 | • Déantar iniúchadh ar 100 % de gach seirbhís Luathbhlianta a bhfuil ardriosca luaite leo in 2022 **(Ráithe 1 – Ráithe 4)**<br>• Sainaithnítear agus déantar iniúchadh ar 100% de sheirbhísí luathbhlianta de réir an timthrialla iniúchta 3 bliana **(Ráithe 1 – Ráithe 4)**<br>• Déanann Seirbhís Chigireachta agus Mhonatóireachta an Chúraim Mhalartaigh (ACIMS) iniúchadh ar 100% d'Ionaid Chónaithe Príobháideacha **(Ráithe 1 – Ráithe 4)**<br>• Déanfar athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta inmheánach amháin gach ráithe laistigh den Chóras Bainistíochta Cáilíochta (QMS) **(Ráithe 1-Ráithe 4)**<br>• Scagthástáil, measúnú riosca agus gníomh de réir mar is cuí 100% d'fhógraí maidir le teagmhas suntasach (SENanna) faighte ó CRS **(Ráithe 4)** |
| **2.2(b)** | Raon iomlán ár gcumhachtaí forfheidhmiúcháin a úsáid chun tacú le comhlíonadh rialála trí fheidhmiú ar bhealach comhréireach, éifeachtach agus áititheach. | Ráithe 4 | • Athchláraítear 100% de sheirbhísí luathbhlianta atá le hathchlárú in 2022 **(Ráithe 1-Ráithe 4)**<br>• Athchláraítear 100% de sheirbhísí aois scoile atá l hathchlárú in 2022 **(Ráithe 1-Ráithe 4)**<br>• Déantar monatóireacht ar 100% de chlárúcháin a mbaineann coinníollacha lena gclárú ar bhonn ráithiúil i ngach feidhm CSR **(Ráithe 1 – Ráithe 4)** |

| 2.3 | Faisnéis, treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do sheirbhísí rialaithe chun cur ar a gcumas a gcuid ceanglas a chomhlíonadh | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **2.3(a)** | Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara ar mhaithe le tuiscint na hearnála ar rialúchán a fheabhsú. | Ráithe 4 | • Tuairisciú maidir le ráta comhlíonta gach iniúchadh a dhéantar ar sheirbhísí Luathbhlianta **(Ráithe 4)**<br>• Tionscnamh forbartha comhlíonta amháin laistigh de Sheirbhísí Luathbhlianta agus tionscnamh amháin laistigh de Chúram Malartach curtha i gcrích **(Ráithe 3)** |
| **2.3(b)** | Leanúint le faisnéis inrochtana a chur ar fáil do Sholáthraithe Cláraithe ar mhaithe le tuiscint ar cheanglais rialála a fheabhsú. | Ráithe 3 | • Ceithre chruinniú le soláthraithe chun tacú le comhlíonadh **(2 i Ráithe 2 agus 2 i Ráithe 3)** |

## 03 A chinntiú go dtacaítear le agus go gcumasaítear ár mball foirne agus ceannairí le bheith ag foghlaim agus ag feabhsú go leanúnach ionas gur féidir le leanaí, teaghlaigh agus pobail tairbhe a bhaint as ár seirbhís

| 3.1 | Measúnú, gníomhú agus athbhreithniú ar leabú ár luachanna agus iompar agus a chinntiú go gcuirimid an Dualgas Earnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine chun feidhme | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **3.1(a)** | Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar rolladh amach clár atá bunaithe ar luach agus ar iompar ar fud na Gníomhaireachta. | Ráithe 2 | • An líon ceannairí luacha sa Ghníomhaireacht **(Ráithe 2)** |
| **3.1(b)** | Féinmheasúnú ar an Dualgas Earnála Poiblí a bheith á chomhlíonadh ag an nGníomhaireacht a fhoilsiú. | Ráithe 3 | • Tuarascáil Féinmheasúnaithe foilsithe **(Ráithe 3)** |

| 3.2 | Plean straitéiseach don Ghníomhaireacht a fhorbairt agus a chur chun feidhme a spreagann tuilleadh taighde ar an meastóireacht ar thorthaí, agus coimisiúnófar tionscadail taighde tosaíochta | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **3.2(a)** | Taighde a choimisiúnú Plean feidhmithe deartha agus buiséad, gníomhaíochtaí agus úinéirí sainaitheanta agus comhaontaithe. | Ráithe 3 | • Plean Straitéiseach Taighde críochnaithe agus ceadaithe **(Ráithe 3)** |

| 3.3 | Foireann oibre inbhuanaithe a fhorbairt ina bhfuil fostaithe á n-earcú agus á gcoinneáil, agus tacú leo ionas go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí acu chun seirbhísí ar ardchaighdeán agus comhtháite a sholáthar | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **3.3(a)** | Plean Fhoireann Oibre Tusla a Fhorbairt agus a Chríochnú ina n-áirítear:<br>Plean Forbartha Foireann Oibre (Ráithe 1), Plean Earcaíochta 2022 (Ráithe 1), Sraith Straitéisí Foireann Oibre (Ráithe 2), Plean Coinneála 3 Bliana críochnaithe (Ráithe 2) agus Tionscnaimh Chobhsaíochta Foireann Oibre (Ráithe 1-Ráithe 4). | Ráithe 4 | • 0% athraitheas i gcomparáid le hUimhreacha Pá Inacmhainne **(Ráithe 4)**<br>• Rátaí coinneála foirne méadaithe go dtí 95.5% **(Ráithe 4)**<br>• Ráta neamhláithreachta laghdaithe go dtí 4.5% **(Ráithe 4)**<br>• Méadú 5% ar an líon céimithe oibre sóisialta earcaithe trí Fheachtas Céimithe 2022 (Ráithe 3)<br>• Feachtas do Chéimithe Oibrithe Cúraim Shóisialta forbartha **(Ráithe 2)**<br>• Laghdú 40% ar chonarthaí/socruithe fostaithe sealadacha ag tacú le cobhsaíocht agus coinneáil **(Ráithe 1-Ráithe 4)**<br>• •Oiriúnú Gníomhaireachta críochnaithe **(Ráithe 2)** |
| **3.3(b)** | Creat Acmhainne a fhorbairt ina sainmhínítear na scileanna, an t-eolas agus an cumas a theastaíonn le haghaidh ról agus a thacaíonn lenár bhfostaithe trí fheabhas agus athrú leanúnach. | Ráithe 3 | • Plean Foghlama agus Forbartha Oiliúna Oibre Sóisialta críochnaithe **(Ráithe 3)** |

| 3.4 | Foghlaim chomhroinnte ar fud na Gníomhaireachta agus forbairt ghairmiúil leanúnach na mball foirne ar fad a spreagadh, a chur chun cinn agus tacú léi | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **3.4(a)** | An Straitéis um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) agus Beartas Maoirseachta na Gníomhaireachta a athbhreithniú agus a chur chun feidhme. | Ráithe 3 | • Beartas Maoirseachta Athbhreithnithe Curtha Chun Feidhme **(Ráithe 1)**<br>• Straitéis CPD Athbhreithnithe **(Ráithe 2)**<br>• Pleananna Oiliúna Réigiúnacha **(Ráithe 3)** |





| 3.5 | Córas feidhmíochta áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta Tusla a fheabhsú trí úsáid a bhaint as bearta lánbhrí a thacaíonn le torthaí feabhsaithe do na daoine a bhfuilimid ag freastal orthu | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **3.5(a)** | Táirgí insoláthartha bliana an Tionscadail Tuairiscithe Feidhmíochta Seirbhíse agus Tomhas Torthaí a chur chun feidhme, chun tacú le feabhas seirbhíse agus breis cuntasachta. | Ráithe 4 | • Tacar athbhreithnithe méadrachta/ príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) ar mhaithe le tuairisciú feidhmíochta a fheabhsú ar fud an chórais (lena n-áirítear 6 réigiún), agus le húsáid ag an gcóras comhdhála feidhmíochta **(Ráithe 3)**<br>• Creat Torthaí sainmhínithe **(Ráithe 4)** |
| **3.5(b)** | Úsáid agus cáilíocht na sonraí atá ar fáil don Ghníomhaireacht ó chórais dearbhaithe a fheabhs | Ráithe 4 | • Iniúchadh ar an bpróiseas gearán lena fhíorú go bhfuil gearáin nua á mbainistiú de réir bheartas athbhreithnithe 2021 **(Ráithe 3)**<br>• Tá 35% de gach gearán atá le tabhairt i gcrích in 2022 le tabhairt i gcrích trí réiteach áitiúil **(Ráithe 4)**<br>• Ní bheidh aon ghearán fágtha gan réiteach le haghaidh níos mó ná 9 mhí **(Ráithe 4)**<br>• Tá an tuairisciú bainistíochta riosca agus teagmhas ar fad le bainistiú faoi bheartais agus nósanna imeachta nua **(Ráithe 3)**<br>• Beartas Nochtuithe Cosanta Athbhreithnithe curtha i bhfeidhm **(Faomhadh Ráithe 1, Cur Chun Feidhme Ráithe 4)** |

## 04 A chinntiú go n-éascaíonn agus go dtacaíonn córais agus acmhainní náisiúnta, a spreagann comhtháthú agus cuntasacht, lenár bhfoirne agus seirbhísí áitiúla

| 4.1 | Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin Náisiúnta agus Sé Cheantar Seirbhíse Réigiúnacha a bhunú agus seirbhísí náisiúnta a chomhtháthú sna struchtúir rialachais réigiúnacha athbhreithnithe | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **4.1(a)** | Struchtúr Eagraíochtúil Cuid 2 críochnaithe. | Ráithe 2 | • Struchtúr Eagraíochtúil Cuid 2 Deartha **(Ráithe 1)**<br>• Struchtúr Eagraíochtúil Cuid 2 Comhaontaithe **(Ráithe 2)** |

| 4.2 | Fóraim idirghníomhaireachta a neartú ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta (lena n-áirítear FSS & An Garda Síochána) | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **4.2(a)** | Oibriú i gcomhpháirt le An Garda Síochána (AGS) agus FSS chun réitigh éifeachtacha a chur chun feidhme chun freastal ar riachtanais leanaí agus teaghlach. | Ráithe 4 | • Comhaontú Tusla/AGS maidir le comhroinnt sonraí a chur chun feidhme **(Ráithe 2)**<br>• Prótacal Comhpháirteach Athbhreithnithe Tusla/AGS comhaontaithe **(Ráithe 4)** le cur chun feidhme in 2023<br>• Beidh 100% de leanaí atá i gcúram agus atá faoi mhíchumas maoinithe de réir Phrótacal Comhpháirteach FSS agus Tusla 2020 **(60% faoi dheireadh Ráithe 2, ag méadú go dtí 100% faoi dheireadh Ráithe 4)** |
| **4.2(b)** | Oibriú le fóraim phobail agus idirghníomhaireachta ar mhaithe le hailíniú níos fearr idir tosaíochtaí agus acmhainní coimisiúnaithe a chinntiú agus chomh maith leis sin a chinntiú go bhfuil córais agus acmhainní náisiúnta a thacaíonn le comhtháthú agus cuntasacht ag tacú le foirne agus seirbhísí áitiúla agus ag éascú a gcuid oibre. | Ráithe 4 | • Creat Pleanála agus Tuairiscithe CYPSC glactha ag Tusla **(Ráithe 4)** le haghaidh cur chun feidhme comhtháite in 2023<br>• I gcomhpháirt le DCEDIY, grúpa comhairleach tionscadail agus taighde a bhunú **(Ráithe 1)** chun scrúdú a dhéanamh ar pharaiméadair athbhreithnithe agus meastóireacht a dhéanamh ar thionscnamh CYPSC agus an t-athbhreithniú a thionscnamh **(Ráithe 4)** |
| **4.2(c)** | Rialachas agus maoirseacht gach gníomhaireacht maoinithe a neartú. | Ráithe 2 | • Beidh doiciméid chomhlíonta comhlánaithe agus seolta ar ais ag gach gníomhaireacht maoinithe **(Ráithe 2)** |

| 4.3 | Straitéisí TFC agus Bainistíochta Sonraí a Chur Chun Feidhme | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **4.3(a)** | Leanúint leis an Straitéis TFC a Chur Chun Feidhme trí (1) fhorbairt a dhéanamh a chinnteoidh go mbeidh Tusla ag feidhmiú mar Ghníomhaireacht digital first (2) an scaradh ó líonra FSS a chur chun feidhme (3) clár cibearshlándála a sholáthar agus (4) soláthar seirbhísí tacaíochta TFC do bhaill foirne a fheabhsú. | Ráithe 4 | • Tionscadal NCCIS2 chun córas cásbhainistithe nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí Chosanta & Leas Leanaí curtha i gcrích **(Ráithe 4)**<br>• Córas cásbhainistithe curtha chun feidhme le haghaidh seirbhísí breise lena n-áirítear CASP **(Ráithe 2)**, Seirbhísí Cónaithe do Leanaí **(Ráithe 2)**, Altramú **(Ráithe 2)** agus Rialúcháin Seirbhísí do Leanaí **(Ráithe 3)** mar chuid de chlár claochlaitheach digiteach foriomlán a bhfuil sé mar aidhm leis 75% de na gníomhaíochtaí próiseála atá nasctha leis na seirbhísí seo a dhigitiú<br>• Clár ascnaimh TuslaIRL curtha ar fáil: Ascnaíodh an 5,500 ball foirne agus oifig ó líonra TFC FSS chuig líonra TFC nua Tusla (2,500 faoi **Ráithe 1**, 4,000 faoi **Ráithe 2**, 5,000 faoi **Ráithe 3**, 5,500 faoi **Ráithe 4**)<br>• Soláthraíonn an Deasc Chabhrach TFC seirbhís a chuireann 85% de gach iarratas laistigh de SLA i gcrích in 2 sheachtain le haghaidh tacaíochta agus 4 seachtaine le haghaidh orduithe (70% faoi **Ráithe 2**, 75% faoi **Ráithe 3** agus 85% faoi **Ráithe 4**)<br>• Cuireadh plean feabhsaithe an Chláir Cibearshlándála i gcrích **(Ráithe 1-Ráithe 4)**<br>• Infheistíocht chaipitiúil €8m in TFC dírithe ar NCCIS2, TuslaIRL agus cláir Chibearshlándála (€2m faoi Ráithe 1, €4m faoi **Ráithe 2**, €6m faoi **Ráithe 3** agus €8m faoi **Ráithe 4**) |
| **4.3(b)** | Leanúint leis an Straitéis Bainistíochta Sonraí a chur chun feidhme | Ráithe 4 | • Pleananna bainistíochta sonraí forbartha le haghaidh Seirbhísí Cónaithe **(Ráithe 3)** agus Leanaí i gCúram (CiC) **(Ráithe 4)**<br>• Tuairiscíodh 60% de PTFanna na Gníomhaireachta go huathoibríoch (40% faoi **Ráithe 2**, 50% faoi **Ráithe 3** agus 60% faoi **Ráithe 4**)<br>• Bunaíodh Aonad Bainistíochta Faisnéise chun tacú le dea-chleachtas bainistíochta taifead agus slándáil faisnéise **(Ráithe 2)**<br>• Cur i gcrích na gníomhaíochta a bhí fágtha ó 2022 a bhain le Straitéisí Bainistíochta Sonraí **(Ráithe 4)** |

| 4.4 | Bainistíocht éifeachtach acmhainní airgeadais na Gníomhaireachta a chinntiú | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **4.4(a)** | Rialuithe Rialachais agus Comhlíonta a fheabhsú laistigh de Tusla agus Gníomhaireachtaí Maoinithe. | Ráithe 4 | • Próiseas Dearbhaithe Rialuithe Nua i Stiúrthóireachtaí agus Réigiúin nua chun rialachas feabhsaithe a sholáthar don Ghníomhaireacht curtha chun feidhme **(Ráithe 4)** |
| **4.4(b)** | Próiseáil tacaíocht íocaíochtaí Deontas Gníomhaireachtaí Maoinithe agus íocaíocht Liúntas a dhigitiú (Cúram Altrama/ Iarchúram) trí réiteach comhéadain. | Ráithe 4 | • Plean Tionscadail comhaontaithe le TFC chun réitigh dhigiteacha a fhorbairt **(Ráithe 4)** |
| **4.4(c)** | Cuirfidh an Fheidhm Airgeadas Ráitis Airgeadais Bliantúla i dtoll a chéile agus tacóidh sí le hiniúchadh C&AG ar na Ráitis Airgeadais sin agus tuairisceofar go míosúil don Bhord, Foireann Cheannaireachta Shinsearach agus DCYA maidir leis an toradh airgeadais bliain go dtí seo i gcomparáid leis an mbuiséad. | Ráithe 4 | • 0% Athraitheas i gcomparáid leis na buiséid fhoriomlána **(Ráithe 1-Ráithe 4)** |
| **4.4(d)** | Tusla a ullmhú le haghaidh chéim Úsáide chlár an **IChórais Chomhtháite Bainistíochta Airgeadais** (IFMS). | Ráithe 4 | • Obair scóipe i sruthanna oibre IFMS a bhaineann le hUllmhú d'Úsáid IFMS críochnaithe **(Ráithe 4)** |
| **4.4(e)** | Cur chun feidhme Phlean Soláthair Chorparáidigh (CPP) 2022-2024 a fhorbairt agus tús a chur leis. | Ráithe 1 | • Plean Soláthair comhaontaithe leis na gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC) **(Ráithe 1)** |

| 4.5 | Lóistín oiriúnach don fheidhm a sholáthar ionas gur féidir seirbhísí sábháilte agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil | | |
|---|---|---|---|
| **Tag. #** | **Gníomhaíocht an Phlean Gnó** | **Dlite** | **Aschuir Bhliain a 2** |
| **4.5(a)** | Plean Caipitil 2022 a sholáthar tríd an clár caipitil bhliantúil. | Ráithe 4 | • Tionscadail mhóra a chur i gcrích i Luimneach & Port Laoise, & pleanáil leanúnach tionscadal nua atá beartaithe **(Ráithe 1-Ráithe 4)** |
| **4.5(b)** | Lóistín 2022 a sholáthar trí phróiseas éadála léasa. | Ráithe 4 | • An próiseas éadála léasa a sholáthar **(Ráithe 1-Ráithe 4)** |

# Caibidil 2:

## Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) agus an tSeirbhís um Measúnú agus Rialúchán Oideachais Mhalartaigh (AEARS)

Tá eolas fáil sa chaibidil seo faoi na gníomhaíochtaí a chuirfidh Seirbhís Oideachais agus Tacaíochta Tusla (TESS) agus an tSeirbhís um Measúnú agus Rialúchán Oideachais Mhalartaigh (AEARS) i gcrích in 2022. I ndiaidh chinneadh an Rialtais in 2020, aistríodh feidhmeanna na Gníomhaireachta i ndáil leis an dá sheirbhís seo faoi stiúir beartais agus reachtach na Roinne Oideachais (DoE). De bhrí go bhfuil treoir Aireachta le haghaidh na seirbhísí seo á soláthar ag an Aire Oideachais le haghaidh gach ceann de na seirbhísí, tá eolas maidir leis na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na seirbhísí seo á sholáthar ar leithligh anois.

### 2.1 Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS)

Oibríonn TESS le scoileanna, teaghlaigh agus seirbhísí ábhartha eile chun na torthaí oideachais is fearr agus is féidir a chinntiú do leanaí agus do dhaoine óga. Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir leis na gníomhaíochtaí a chuirfidh TESS i gcrích in 2022:

| Gníomhaíocht an Phlean Gnó | Dlite | Aschuir 2022 |
|---|---|---|
| Oibriú leis an Roinn Oideachais ar mhaithe leis an gClár um Dheiseanna Oideachasúla (DEIS) (suíomhanna ina bhfuil Comhordaitheoirí Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (HSCLanna) agus an Clár Críochnaithe Scolaíochta (SCP) á soláthar) a fhorbairt. | Ráithe 3 2022 | • An líon scoileanna DEIS nua, buiséad, socrú struchtúrtha agus foinsí sainaitheanta |
| Uirlis Bainistíochta Riar Cásanna Tusla (TCM) a leabú ar fud na seirbhíse reachtúla. | Ráithe 4 2022 | • Nasc a bhunú idir tairseach ar líne TESS agus TCM d'fhonn a chinntiú go bhfuil gach atreorú chuig TESS digitithe go hiomlán, ceann go ceann<br>• Rannpháirtíocht i socruithe rialachais ar fud Tusla i ndáil le forbairt leanúnach TCM |
| Ár ról a chur i bhfeidhm i ndáil le treoirlínte laghdaithe maidir le laethanta scoile. | Ráithe 3 2022 | • Cur chun feidhme an phróisis/an chórais fógartha agus próisis tuairiscithe a fhorbairt le haghaidh sonraí comhiomlánaithe<br>• Rannóg laethanta scoile laghdaithe a bhunú laistigh de TESS agus baill foirne a earcú chun tacú leis an obair |
| An próiseas tuairiscithe scoile ar fad a aistriú chuig tairseach ar líne TESS. | Ráithe 4 2022 | • Comhoibriú le scoileanna d'fhonn a chinntiú go bhfuil na nithe seo a leanas á dtuairisciú trí atreorú ar líne:<br>• a) tuairisceáin tinrimh scoile<br>• b) lá scoile laghdaithe<br>• c) fionraíocht agus díbirt – béim á leagan ar chabhrú le gach scoil ardáin ar líne Tusla a úsáid de réir mar is gá |
| Taifid Tinrimh Bliantúla (AAR) a fhoilsiú i gcomhar le staitisticí DoE. | Ráithe 3 2022 | • Sonraí bailithe i ndáil le AAR a athbhreithniú agus a chomhaontú agus é mar aidhm iad a fhoilsiú ar bhonn níos tráthúla gach bliain |
| Struchtúr seirbhíse a fhorbairt (céim 2) le hailíniú le hathchóirithe struchtúir Tusla. | Ráithe 4 2022 | • Bainisteoirí ar iasacht fostaithe go díreach/Iarracht a dhéanamh a bheith cosúil leis an struchtúr sé réigiún in Tusla / Leanúint le himeascadh a chur chun cinn |
| Tacú le leanaí i gcúram. | Ráithe 3 2022 | • Leanúint le struchtúir a fhorbairt, i.e. treoir/a chinntiú go bhfuil tús áite á thabhairt do leanaí i gcúram chomh fada is a bhaineann le tacaíocht a fháil ón trí shnáithe |
| Tacú le leanaí atá i lóistín do dhaoine gan dídean de bhun earcaíochta. | Ráithe 1 2022 | • Earcaíocht agus forbairt struchtúr idirghabhála agus tuairiscithe |

| | | |
|---|---|---|
| Leanúint le ról lárnach i gcur chun feidhme na dTionscnamh Píolótach Tacaíochta don Lucht Siúil agus Pobal Romach (Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach) ag 4 shuíomh. | Ráithe 4 2022 | • Rannpháirtíocht iomlán sa mheastóireacht ar an tionscadal píolótach |
| Cuir chuige idirghníomhaireachta a neartú agus a bhunú go foirmiúil i dteannta le páirtithe leasmhara oideachais. | Ráithe 4 2022 | • Prótacal Oibre Comhpháirteach a fhorbairt leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) agus leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) |

## 2.2 An tSeirbhís um Measúnú agus Rialúchán Oideachais Mhalartaigh

Tá an tSeirbhís um Measúnú agus Rialúchán Oideachais Mhalartaigh (AEARS) freagrach as rialúchán soláthar oideachais in áiteanna seachas scoileanna aitheanta, de réir alt 14(1) d'Acht Oideachais (Leas), 2000. Is cuid d'fheidhm Cáilíochta & Rialúcháin Tusla é AEARS). Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir leis na gníomhaíochtaí a chuirfidh AEARS i gcrích in 2022:

| Gníomhaíocht an Phlean Gnó | Dlite | Aschuir 2022 |
|---|---|---|
| Tuismitheoirí, caomhnóirí agus cúramóirí a chumhachtaí trí aird a tharraingt ar rialúchán, a thacaíonn le roghanna eolasacha. | Ráithe 3 2022 | • Seisiúin eolais le tuismitheoirí agus caomhnóirí san earnáil Oideachais Bhaile chun tuiscint níos fearr ar rialúchán agus forbairt freagrachtaí a chinntiú |
| Ár gcomhpháirtíocht leis an Rialtas, gníomhaireachtaí stáit eile, an saol acadúil, ionadaithe agus a gcuid eagraíochtaí a neartú ar mhaithe le sábháilteacht, forbairt agus leas leanaí atá ag baint úsáide as na seirbhísí atá á rialú againn. | Ráithe 3 2022 | • Fóram soláthraí forbartha d'earnáil an oideachais mhalartaigh |
| Freagairt go cuí do sheirbhísí trí chórais a fhorbairt a bhfuil faisnéis rialála ag tacú leo. | Ráithe 4 2022 | • Laghdú 10% ar an líon leanaí atá ag feitheamh ar mheasúnú le haghaidh scolaíocht bhaile[2]<br>• Déantar 100% de na hiarratais a fhaightear ó scoileanna neamhaitheanta a phróiseáil de réir chlár Alt 14<br>• Cigireacht déanta ar gach scoil neamhspleách d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann siad an timthriall cigireachta 3 bliana |
| Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara ar mhaithe le tuiscint na hearnála ar rialúchán a fheabhsú. | Ráithe 1 2022 | • Fóram scoileanna neamhspleácha AEARS bunaithe chun tacú le comhlíonadh |
| Leanúint le faisnéis inrochtana a chur ar fáil do Sholáthraithe Cláraithe ar mhaithe le tuiscint ar cheanglais rialála a fheabhsú. | Ráithe 3 2022 | • Doiciméad treorach chun tuiscint ar cheanglais Alt 14 a éascú san earnáil oideachais mhalartaigh foilsithe |



2. This target is linked with the reduction in national waiting lists targets as outlined in Corporate Plan 2021 – 2023

# Caibidil 3: Creat Airgeadais

## Forléargas

Tá eolas le fáil sa chuid seo faoin gcreat airgeadais a mbeidh an Ghníomhaireacht ag feidhmiú dá réir in 2022. Chomh maith leis sin, tá eolas le fáil faoi na tionscnaimh ar tugadh tús áite dóibh in 2022, an plean caiteachais chaipitiúil agus na rioscaí airgeadais a mbeidh ar an nGníomhaireacht déileáil leo in 2022.

Tá cinntiúchán neamhchaipitil comhlán na Gníomhaireachta le haghaidh 2022 cothrom le €925.774 milliún (lena n-áirítear €38.939 milliún ón Roinn Oideachais). Beidh sé seo á mhaoiniú i bpáirt ag €17.144 milliún measta in ioncam leithreas i gcabhair ó asbhaintí aoisliúntais agus pinsin. Dá réir sin, tá glanchinntiúchán neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2022 cothrom le €908.630 milliún.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht maoirseacht éifeachtach ar bhainistiú an leithdháilte d'fhonn a chinntiú go bhfuil an riosca is ísle agus is féidir luaite le róchaitheamh in 2022. Rachaidh Tusla i gcomhairle leis an Aire agus le hoifigigh na Roinne chun comhaontú ar aon bhearta a bhaineann le gníomh ceartaitheach, i ndáil le hoibleagáidí reachtúla agus tograí seachadta seirbhíse a chomhlíonadh.

## Plean Buiséid 2022 agus Maoiniú Seirbhíse Réamh-mheasta

Fuair an Ghníomhaireacht €44.4 milliún breise le haghaidh 2022 agus táthar ag súil go gcuirfear seirbhísí ar fáil tríd an airgead seo a úsáid ar an gcoinníoll nach mbíonn aon dúshláin gan choinne le sárú. Leanfaidh an Ghníomhaireacht le rialuithe dochta a chur chun feidhme chun a leithdháileadh a bhainistiú go héifeachtach. Is é an Plean Buiséid atá ann le haghaidh 2022 maoiniú a sholáthar sna príomhréimsí seo a leanas:

- Leithdháilfear €7.0m chun déileáil leis an easnamh Leibhéal Seirbhíse Reatha (ELS). Is éard atá i gceist leis sin costas iomlán bliana na dtionscnamh ar cuireadh tús leo in 2021 nó róchaitheamh reatha nach bhfuil an maoiniú breise a cuireadh ar fáil in 2021 in ann freastal orthu. Baineann sé seo go príomha le réimsí Pá agus Suíomhanna Cónaithe Príobháideacha. San áireamh sa leithdháileadh seo tá sé mar aidhm againn coigilteas de €3.0m a chinntiú sna réimsí taistil agus neamhphá eile.
- Leithdháilfear €5.4m chun déileáil le Comhaontuithe Pá agus Pinsin. Cabhróidh sé seo chun an costas a bhaineann le dámhachtainí pá 1% a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2021 a íoc agus costais leanúnacha pinsean ball foirne atá imithe ar scor nó a bheidh ag dul ar scor in 2022.
- Leithdháilfear €22.9m breise chun déileáil leis an riachtanas déimeagrafach agus nach bhfuil á chomhlíonadh le haghaidh seirbhísí atá á soláthar ag an nGníomhaireacht. San áireamh anseo tá na bearta seo a leanas:
  - €6.5m le haghaidh 100 ball foirne túslíne breise.
  - €6.0m chun déileáil le ceisteanna inbhuanaitheachta san earnáil Phobail agus Dheonach.
  - €0.5m maoiniú do sheirbhísí DSGBV Tusla agus €2.0m breise a choinneáil a úsáideadh le haghaidh maoiniú aonuaire in 2021.
  - €1.3m chun déileáil le riachtanais lóistín ag leibhéal ceantar seirbhíse.
  - €4.3m chun forbairt seirbhísí cónaithe reachtúla agus lóistín éigeandála do leanaí faoi 12 bhliain d'aois a mhaoiniú.
  - Leithdháilfear €4.3m chun déileáil le forbairtí nua a bhaineann le TFC, RGCS, H&S agus Rialachas.
- Chomh maith leis sin, soláthrófar maoiniú luach €5.2m le haghaidh na dtosaíochtaí seo a leanas in 2022:
  - €3.0m do bhaill foirne agus seirbhísí chun tacú leis an reachtaíocht nua Uchtála agus Rianaithe a bhfuiltear ag súil léi in 2022.
  - €1.0m chun dlús a chur le moltaí atá déanta in Athbhreithniú Lóistín DSGBV.
  - €0.7m chun tacú le Seirbhísí Teiripeacha a fhorbairt do leanaí i gcúram.
  - €0.5m chun tacú le cur chun feidhme Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais nua.
- Tríd is tríd, úsáidfear an maoiniú chun tacú le 286 post nua breise a chruthú in 2022.
- Fuarthas maoiniú breise luach €3.9m ón Roinn Oideachais le haghaidh TESS, SCP agus AERS, agus fuarthas €0.3m breise maidir le B5 den Chigireacht Luathbhlianta.

**Tá achoimre ar an eolas thuasluaite le fáil i dTábla 1:**

*Table 1: Leithdháileadh Táscach ar Mhaoiniú Breise A3*

| | Pá €m | Neamhphá €m | mlán €m | Coibhéis Lánaimseartha (CL) |
|---|---|---|---|---|
| Leibhéal Seirbhíse Reatha | 9.2 | 6.1 | 15.4 | 40 |
| Coigilteas ar Thaisteal agus Neamhphá Eile | | -3.0 | -3.0 | |
| **Fo-iomlán maidir le ELS agus Coigilteas** | **9.2** | **3.1** | **12.4** | **40** |
| **Riachtanas Nach bhFuil á Chomhlíonadh** | | | | |
| Foireann Túslíne Breise | 5.3 | 1.2 | 6.5 | 100 |
| Inbhuanaitheacht Earnáil C&V | 0.0 | 6.0 | 6.0 | 0 |
| Seirbhísí DSGBV | 0.5 | 0.0 | 0.5 | 9 |
| Riachtanas Lóistín Seirbhíse | 0.0 | 1.3 | 1.3 | 0 |
| Feabhsú Seirbhísí Cónaithe Príomhshrutha | 1.6 | 1.4 | 3.0 | 48 |
| Seirbhísí Cónaithe do Leanaí faoi 12 Bhliain d'Aois | 0.0 | 1.3 | 1.3 | 0 |
| TFC, RGCS, H&S agus Rialachas | 1.8 | 2.5 | 4.3 | 30 |
| **Fo-iomlán an Riachtanais Nach bhFuil á Chomhlíonadh** | **9.2** | **13.7** | **22.9** | **187** |
| **Tosaíochtaí Forbairtí Nua** | | | | |
| Uchtú agus Rianú | 1.8 | 1.2 | 3.0 | 32 |
| Lóistín DSGBV | 0.8 | 0.2 | 1.0 | 15 |
| Seirbhísí Teiripeacha | 0.6 | 0.1 | 0.7 | 8 |
| IFMS | 0.5 | 0.0 | 0.5 | 4 |
| **Fo-iomlán Tosaíochtaí Forbairtí Nua** | **3.7** | **1.5** | **5.2** | **59** |
| **Móriomlán Leithdháileadh Breise A3** | **22.1** | **18.3** | **40.5** | **286** |
| Aistriú ó A3 go dtí An Roinn Oideachais | -0.3 | 0.0 | -0.3 | |
| Breise maidir le TESS/SCP/AEARS ón Roinn Oideachais | 1.3 | 2.6 | 3.9 | |
| Breise maidir le B5 Luathbhlianta | 0.3 | 0.0 | 0.3 | |
| **Móriomlán Leithdháileadh Breise** | **23.4** | **21.0** | **44.4** | |

Tá eolas le fáil in **Aguisín 1** maidir leis an gCreat Airgeadais le haghaidh 2022.

## Próifíliú agus Tuairisciú Airgeadais

Leanfaidh Tusla ag tuairisciú ar chaiteachas i gcomparáid leis an mbuiséad agus sreabhadh airgid i rith 2022. Cuirfidh Tusla próifíl buiséid 2022 faoi bhráid DCEDIY a bheidh miondealaithe de réir na seachtaine agus na míosa, de réir leibhéal ceadaithe caiteachais, agus soláthrófar sonraí maidir le hioncam comhlán, Leithreasuithe i gCabhair agus ioncam eile.

In 2022, tabharfar aird ar leith ar phróifílí pá agus neamhphá a scaradh óna chéile, lena n-áirítear ceanglais maidir le foireann shealadach a léiriú (costais ghníomhaireachta) laistigh de na próifílí. Cuirfear córais feidhmithe mionsonraithe i gcrích chun meastachán beacht a dhéanamh maidir leis an gcaiteachas/ na híostarraingtí a tharlaíonn faoin dá chatagóir, ag féachaint d'uainiú agus do ghealltanais.

In 2022, leanfaidh Tusla le tuarascálacha míosúla agus seachtainiúla a chur ar fáil do DCEDIY ina sonrófar an caiteachas go dáta. Tarraingeofar aird sna tuarascálacha seo ar athraitheas idir próifíl thús na bliana agus sainaithneofar an brú ar chostas atá ag teacht chun cinn. Chomh maith leis sin, soláthrófar léargas ar an gcomhthéacs agus ar an míniú atá luaite le haon athraitheas i gcomparáid leis na próifílí airgid.

Chomh maith leis sin, soláthróidh Tusla próifíl bhuiséid mhíosúil le haghaidh 2022 don Roinn Oideachais maidir leis an maoiniú luach €38.939 milliún a cuireadh ar fáil le haghaidh TESS agus SCP agus AEARS agus soláthrófar tuarascáil mhíosúil maidir le caiteachas go dáta.

## Caiteachas Caipitiúil

Tá leithdháileadh 2022 don chaiteachas caipitiúil cothrom le €18.5 milliún, a áirítear ann tabhairt anonn luach €1 mhilliún ó 2021. Tá mionsonraí maidir leis an gcaiteachas caipitiúil atá beartaithe le fáil in **Aguisín 1**.

# Caibidil 4:
# Próifíl Acmhainní Daonna

## Forléargas

Tá eolas le fáil sa chaibidil seo maidir leis na tosaíochtaí atá ag Acmhainní Daonna (AD) Tusla le haghaidh 2022 chun na gníomhaíochtaí atá sonraithe i bPlean Corparáideach Tusla 2021–2023 a chomhlíonadh. Cuimsítear ann freisin na tosaíochtaí AD a bhí á lorg sa **Ráiteas Feidhmíochta**, mar aon leis na tosaíochtaí ardleibhéil don Ghníomhaireacht in 2022.

## Plean Fhoireann Oibre Tusla

In 2022, i gcomhpháirt le DCEDIY, cuirfidh Tusla críoch le Plean Forbartha Foireann Oibre a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú go bhforbraítear dearadh oibríochtúil Tusla ar bhealach a áirítear ann foireann oibre oiriúnach dá feidhm a thugann aird ar sholáthar agus scileanna reatha agus todhchaíocha sa mhargadh fostaíochta a bheidh ag teastáil chun tacú le seirbhísí comhtháite ar ardchaighdeán.

In 2022, forbróidh Acmhainní Daonna, Treoir agus Sraith Straitéisí Pleanála Foireann Oibre chun cur síos a dhéanamh ar shaintréithe agus ar phróisis pleanála foireann oibre éifeachtach ag leibhéal oibríochtúil. Tacóidh an treoir seo le Bainisteoirí **pleananna foireann oibre** éifeachtacha a fhorbairt ag leibhéal Ceantair agus cabhrú le tuiscint ar an gcomhtháthú agus ar na forbairtí a theastaíonn chun leanúint ar aghaidh agus chun aibíocht a chinntiú i ndisciplín na pleanála foireann oibre.

## Cobhsaíocht Foireann Oibre

In 2022, cuirfidh Tusla roinnt tionscnamh cobhsaíochta foireann oibre i gcrích chun déileáil leis na leibhéil choinneála atá ag teacht chun cinn agus tacú le cobhsaíocht oibríochtúil. Áirítear ina measc:

- An próiseas Oiriúnaithe Gníomhaireachta.
- Ceapachán buan i bpoist atá líonta ar bhonn sealadach faoi láthair.



## Tusla Recruit

I rith 2022, forbróidh Tusla Recruit Plean Earcaíochta d'fhonn a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun freastal ar na riachtanais sainaitheanta sa Ghníomhaireacht agus chun tacú le seirbhísí comhtháite ar ardchaighdeán a chur ar fáil do Leanaí & Teaghlaigh.

- Tá caidreamh dearfach bunaithe ag Tusla le soláthraithe oideachais tríú leibhéal in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann le blianta beaga anuas agus tá pleananna forbartha chun díriú ar shruthanna céimithe in ollscoileanna agus i gcoláistí éagsúla, agus aird a tharraingt ar Tusla mar "Rogha Fostóra".
- In 2021, reáchtáil Tusla Feachtas Céimithe a thug deis do gach Céimí Oibre Sóisialta i bPoblacht na hÉireann post buan a fháil laistigh den Ghníomhaireacht. Chabhraigh an tionscnamh spriocdhírithe seo le caidreamh dearfach a bhunú le céimithe, ollscoileanna agus coláistí. In 2022, tabharfaimid tús áite don mhéid a foghlaimíodh ó fheachtas 2021 agus é mar aidhm againn cur leis an líon céimithe oibre sóisialta a earcaítear.
- In 2022, leanfaidh Tusla ag obair i gcomhar leis an nGrúpa Oideachais Oibre Sóisialta (SWEG), á stiúradh ag DCEDIY agus ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, chun an líon daoine a bhfuil staidéar ar obair shóisialta á chur i gcrích acu a fhorbairt ar mhaithe le soláthar amach anseo a fheabhsú.
- Ó tharla go bhfuil Obair Shóisialta san áireamh anois ar liosta na bpríomhscileanna gairme, déanfaidh AD scrúdú ar dheiseanna earcaíochta idirnáisiúnta chun céimithe oibre sóisialta a mhealladh ó dhlínsí eile. I gcomhairle le CORU agus ag cur leis an rannpháirtíocht dhearfach a tharla in 2021, scrúdóidh Tusla na ceanglais a bhaineann le céimithe as tíortha thar lear a chlárú. Leanfaidh mic léinn oibre sóisialta ó Thuaisceart Éireann le páirt a ghlacadh i dtionscnaimh trasteorann.



## Acmhainn

In 2022, leanfaidh AD le **Creat Acmhainne** a fhorbairt. Forbróimid plean oiriúnach chun tacú le cur chun feidhme na gcreataí seo sa Ghníomhaireacht. In 2022 cuirfimid creat chun feidhme le haghaidh teaghlach post d'Obair Shóisialta agus cuirfimid tús le forbairt teaghlach post do Chúram Sóisialta. Soláthróidh mionsonraí na bpríomh-acmhainní a bhaineann le gach teaghlach post seicheamh de leibhéil fhorchéimnitheacha agus mionsonraí d'fhorbairt foirne.

Beidh dearadh an Chreata seo mar bhonn lena chinntiú go meallann, go gcoinníonn agus go bhforbraíonn an Ghníomhaireacht foireann oibre cumasach a fheabhsaíonn agus a ailíníonn iarracht phearsanta agus chomhpháirteach le cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta. I gcomhar le Foghlaim agus Forbairt Foireann Oibre, agus de réir an Chreata Acmhainne d'Obair Shóisialta, bunófar agus soláthrófar na riachtanais oiliúna riachtanach do gach leibhéal oibre sóisialta trí Phlean Oiliúna agus Forbartha.

## Coinneáil Foirne

In 2022 leanfaidh AD le tionscnaimh spriocdhírithe a bhaineann le forbairt agus coinneáil gach fostaí sa Ghníomhaireacht.

In 2022 cuirfidh Tusla críoch le Plean Coinneála 3 Bliana atá bunaithe ar anailís sonraí AD agus aiseolas ó fhostaithe agus foireann bainistíochta atá ag díriú ar dhúshláin agus treochtaí sonracha sainaitheanta go náisiúnta agus go háitiúil. Le cois na ngníomhaíochtaí AD atá forordaithe cheana féin a mbeidh tionchar dearfach acu ar choinneáil agus a thabharfaidh aitheantas don mhargadh fostaíochta iomaíoch agus do na róil dhúshlánacha in Tusla, cuirfear san áireamh sa Phlean Coinneála tionscnaimh ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha ag Macraileibhéal agus Micrileibhéil.

Mar chuid den phlean Feabhsaithe Forbartha Feidhmíochta, cuirfear tuilleadh taighde i gcrích in 2022. Dáilfear ceistneoir ar oibrithe sóisialta sa Ghníomhaireacht atá cáilithe le haghaidh níos lú ná 3 bliana (Oibrí Sóisialta Luathghairme). Sa cheistneoir áirítear ceisteanna maidir le taithí oibrithe sóisialta ar an aistriú ón oideachas go dtí fostaíocht agus conas a d'ullmhaigh a gcuid oideachais agus oiliúna (lena n-áirítear socrúchán mic léinn) iad dá gcuid oibre in Tusla. Chomh maith leis sin, cuirtear ceisteanna maidir le conas ar thacaigh agus go deimhin ar thacaigh an Ghníomhaireacht leo sna blianta tosaigh.



# Aguisín 1
## Creat Airgeadais (Forlíontach)

## Maoiniú Foriomlán le haghaidh 2022

### Glanchinntiúchán Neamhchaipitil
Tá cinntiúchán neamhchaipitil comhlán na Gníomhaireachta le haghaidh 2022 cothrom le €925.774 milliún (lena n-áirítear €38.939 milliún ón Roinn Oideachais). Beidh sé seo á mhaoiniú i bpáirt ag €17.144 milliún measta in ioncam leithreas i gcabhair ó asbhaintí aoisliúntais agus pinsin. Dá réir sin, tá glanchinntiúchán neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2022 cothrom le €908.630 milliún.

Tá eolas le fáil i dTábla 2 maidir le comhdhéanamh táscach leithdháileadh airgeadais 2022 i ndáil leis Neamhchaipitil Glan, Leithdháileadh Airgeadais i ndáil le hIoncam 2022:

*Tábla 2: Leithdháileadh Airgeadais i ndáil le hIoncam 2022*

| Catagóir | Foinse | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| Pá | | 357.016 |
| Cúram Altrama agus liúntais eile | | 122.294 |
| Soláthar Socrúcháin Neamhspleách | | 161.418 |
| Dlí | | 30.494 |
| Socruithe Deontais | | 181.297 |
| Neamhphá Eile | | 73.255 |
| Leithdháileadh Neamhchaipitil Comhlán | DCEDIY Fo-cheannteideal A.3: €880.953m<br>An Roinn Oideachais Vóta 26 €38.939m | 925.774 |
| Leithreas i gCabhair | | -17.144 |
| Leithdháileadh Neamhchaipitil Glan | | 908.630 |

### DCEDIY Fo-cheannteideal A3
Méadóidh an Leithdháileadh Neamhchaiptil Comhlán faoi cheannteideal A3 DCEDIY €40.186 milliún ó €840.767 milliún in 2021 go dtí €880.953 milliún in 2022; is éard is cúis leis an athrú €40.500 milliún breise lúide aistriú de €0.314 milliún chuig an Roinn Oideachais Vóta 26 maidir le TESS, SCP agus AEARS.

### An Roinn Oideachais Vóta 26: TESS, SCP agus AEARS
San áireamh sa leithdháileadh le haghaidh 2022 tá €38.939 milliún ón Roinn Oideachais chun Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS), an Clár Críochnaithe Scolaíochta (SCP) agus an tSeirbhís um Measúnú agus Rialúchán Oideachais Mhalartaigh (AEARS) a mhaoiniú, arb ionann é agus méadú €2.552 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh deiridh de €36.387 milliún in 2021.

### Fo-cheannteideal B5 – Luathbhlianta
Chomh maith leis sin, soláthraíodh maoiniú €5.882 milliún d'Fho-cheannteideal B5 Luathbhlianta le haghaidh 2022 arb ionann é agus méadú €0.322 milliún i gcomparáid leis an €5.560 milliún a cuireadh ar fáil in 2021.

**Tá léargas le fáil i dTábla 3 thíos ar mhiondealú táscach na leithdháiltí thuasluaite bunaithe ar an gcineál caiteachais:**

*Tábla 3: Miondealú Táscach ar Leithdháileadh Comhlán bunaithe ar an gCineál Caiteachais agus ar an bhFoinse Maoinithe*

| Catagóir | A3 | B5 | An Roinn Oideachais Vóta 26 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Pá | 341.768 | 5.353 | 9.895 | 357.016 |
| Cúram Altrama agus liúntais eile | 122.294 | 0 | 0 | 122.294 |
| Soláthar Socrúcháin Neamhspleách | 161.418 | 0 | 0 | 161.418 |
| Dlí | 30.494 | 0 | 0 | 30.494 |
| Socruithe Deontais | 154.376 | 0 | 26.921 | 181.297 |
| Neamhphá Eile | 70.603 | 0.529 | 2.123 | 73.255 |
| Leithdháileadh Comhlán Iomlán | 880.953 | 5.882 | 38.939 | 925.774 |

### Foinsí Maoinithe Breise
Tá €1.686 milliún ar fáil do Tusla faoi cheannteideal C5 maidir le Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC) agus b'fhéidir go mbeadh maoiniú breise ar fáil freisin do Tusla i ndáil le Maoiniú Cuntas Díomhaoin agus Ciste Sóisialta na hEorpa le haghaidh roinnt clár agus tionscnamh; cuirfear na sonraí a bhaineann leo ar fáil don Ghníomhaireacht nuair a bheidh deimhniú faighte.

### Soláthar Caipitil
Tá soláthar déanta le haghaidh caiteachas caipitiúil suas le huasmhéid €18.5 milliún sa Ghníomhaireacht i rith 2022; áirítear anseo Maoiniú Caipitil A3 le haghaidh 2022 de €17.5 milliún móide tabhairt anonn incheadaithe de chaiteachas caipitiúil luach €1 mhilliún ó 2021.

# Toradh Ionchais le haghaidh 2021

### Toradh Réamh-mheasta
Tá tearc-chaitheamh de thart ar €11m á réamh-mheas ag an nGníomhaireacht le haghaidh 2021 bunaithe ar chuntasaíocht bainistíochta bunaithe ar fhabhrú. Ciallaíonn difríochtaí teicniúla uainithe idir bonn cuntasaíochta an Vóta agus an bonn cuntasaíochta fabhraithe agus an gá atá le dliteanais aibithe a chlúdach san iarmhéid airgid ag deireadh na bliana, go bhfuil an Ghníomhaireacht ag súil lena leithdháileadh iomlán airgid le haghaidh 2021 ó DCEDIY agus ón Roinn Oideachais a íostarraingt.

### Tionchar Covid-19
Is é an fachtóir cúisíoch suntasach i dtearc-chaitheamh na Gníomhaireachta in 2021 Covid 19, a raibh tionchar aige ar luas na hearcaíochta foirne, leibhéal laghdaithe taistil na mball foirne, caiteachas laghdaithe oifige, agus oiliúna agus comhairleachta, agus moill ar an bpróiseas a bhain le glacadh le leanaí in Éirinn faoi chlár IRPP. I dteannta a chéile, bhí na nithe thuasluaite mar bhonn le caitheamh luach thart ar €19 milliún. San am céanna, táthar ag súil go mbeidh an caitheamh breise a bhaineann go díreach le Covid 19 cothrom le thart ar €3 mhilliún.

Thapaigh an Ghníomhaireacht an deis tacaíocht bhreise a chur ar fáil don earnáil Phobail agus Dheonach in 2021 agus cuireadh caiteachas aonuaire luach €7m ar fáil do Ghníomhaireachtaí A.56 C&V, chun inbhuanaitheacht na seirbhísí a chinntiú i rith phaindéim Covid-19.

### Cibirionsaí TFC
Tá an Ghníomhaireacht ag brath ar Roinn TFC FSS chun tacú le 90% dá córais TFC. Ar an Aoine, an 14 Bealtaine, chuir FSS in iúl do Tusla gur tharla cibirionsaí agus gur éiligh eagraíocht chóiriúil airgead fuascailte, eagraíocht a chreidtear atá ag feidhmiú lasmuigh den Stát. De bhrí go bhfuil Tusla ag brath beagnach go hiomlán ar chórais TFC FSS, chiallaigh an teagmhas a tharla go mb'éigean córais uile Tusla a mhúchadh láithreach chun aon ionsaithe eile a chosc. Ní dhearnadh aon damáiste do, ná ní raibh aon tionchar ag an gcibirionsaí ar líonra nua TuslaIRL, an t-aon líonra TFC nua de chuid Tusla a forbraíodh mar thionscamh de chuid na Straitéisí Bainistíochta TFC agus Sonraí. Níorbh éigean do Tusla déileáil le haon chaillteanas airgeadais dhírigh mar thoradh ar an ionsaí.

Chomhaontaigh Bord Tusla dlús a chur le hascnamh na gcóras TFC ó líonra FSS chuig bonneagar tiomnaithe de chuid Tusla mar chuid den athshlánú i ndiaidh an ionsaithe. Meastar go gcosnóidh an tionscadal €8m agus meastar go mbeidh an caiteachas cothrom le €1.25m in 2021. Tá eolas le fáil i dTábla 3 maidir leis an toradh agus athraitheas réamh-mheasta i gcomparáid leis an mbuiséad bunaithe ar an gcineál caiteachais:

*Tábla 4: Toradh Ionchais le haghaidh 2021*

| Réamhaisnéis na Bliana 2021 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Cineál Caiteachais** | **Catagóir Achoimre** | **Réam-haisnéis Bhliantúil (€m)** | **Buiséad 2021 (€m)** | **Athraitheas Réam-haisnéisithe (€m)** | **Athraitheas Réam-haisnéisithe (%)** |
| Pá | Gníomhaireacht | 11.210 | 0.000 | 11.210 | |
| | Ar an bPárolla | 300.440 | 321.556 | -21.116 | -7% |
| | Pá Pinsin | 13.350 | 12.000 | 1.350 | 11% |
| Pá Iomlán | | **325.000** | **333.556** | **(8.556)** | **-3%** |
| | Cúram Altrama agus Liúntais Eile | 120.321 | 121.087 | -0.765 | -1% |
| | Deontais | 191.303 | 183.596 | 7.707 | 4% |
| | Dlí | 30.418 | 29.994 | 0.424 | 1% |
| | Neamhphá Eile | 50.901 | 56.108 | (5.207) | -9% |
| | Soláthar Socrúcháin Neamhspleách | 152.065 | 150.358 | 1.708 | 1% |
| | Taisteal Foirne | 7.097 | 12.000 | (4.903) | -41% |
| Iomlán Neamhphá | | **552.105** | **553.142** | **-1.037** | **0%** |
| Ioncam Iomlán | | **-10.944** | **-9.547** | **(1.397)** | **15%** |
| Aoisliúntas/Ioncam PRD Iomlán | | **-17.283** | **-17.283** | **(0.000)** | **0%** |
| Glanchaiteachas | | **848.879** | **859.868** | **-10.989** | **-1%** |

## Costais Phá

Baineann an tearc-chaitheamh réamhaisnéisithe de thart ar €8m go príomha le héifeacht Covid 19 ar an líon fágálaithe foirne agus ar éifeacht Covid 19 agus an chibirionsaithe ar FSS ar amlínte earcaíochta.

## Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha

Tá maoiniú breise aonuaire luach €7m curtha ar fáil ag an nGníomhaireacht do Ghníomhaireachtaí C&V in 2021.

## Dlí

Meastar go mbeidh róchaitheamh €0.4 milliún luaite le costais dlí de €30.4 milliún in 2021 i gcomparáid le buiséad de €30.0 milliún. Bhain an brú suntasach ar chostais Dlí le costais a bhain le Caomhnóir Ad Litem (GAL). Bhí an caiteachas seo bunaithe ar éileamh de bhrí go bhfuil an tseirbhís á coimisiúnú ag na Cúirteanna. Íocann Tusla na soláthraithe, ach is iad na Cúirteanna atá freagrach as GAL agus seirbhísí dlí gaolmhara a choimisiúnú.

## Neamhphá Eile

Tá an tearc-chaitheamh réamhaisnéisithe luach €5.2 milliún a bhaineann le Neamhphá Eile bunaithe den chuid is mó ar chostais níos ísle i réimsí áirithe mar thoradh ar COVID-19. Áirítear ina measc seo costais oifige níos ísle mar gheall ar obair ón mbaile, costais oiliúna níos ísle, níos lú costais iompair othar/cliant agus caiteachas laghdaithe ar thacaíochtaí seachtracha.

### Soláthar Socrúcháin Neamhspleách / Soláthar Cúraim Chónaithe
Tá leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu ag baint úsáide as seirbhísí cúraim rud a chiallaigh go bhfuil níos mó éilimh ar shocrúcháin chúraim chónaithe speisialaithe le haghaidh na leanaí seo. Lean an líon socrúchán cúraim chónaithe phríobháidigh agus cúraim altrama phríobháidigh ag méadú in 2021 rud ba chúis le róchaitheamh réamhaisnéisithe de €1.7 milliún. Bheadh an róchaitheamh sa réimse seo i bhfad níos airde mura mbeadh an Prótacal Míchumais curtha chun feidhme le FSS, Prótacal a bhfuiltear ag súil leis a bheidh mar bhonn le hioncam de €5.5m a fháil ó FSS in 2021 i ndáil leis an gcionroinnt costas comhaontaithe 50:50 faoin bPrótacal.

### Taisteal Foirne
Tá sé réamhaisnéisithe go mbeidh costais taistil €4.9 milliún faoin mbuiséad in 2021 mar gheall ar shrianta taistil Covid 19, agus níos mó daoine a bheith ag obair ó chian/ón mbaile agus cruinnithe a bheith á reáchtáil ar líne mar gheall ar Covid 19. Táthar ag súil go n-ardóidh na costais seo arís nuair a fhilleann baill foirne ar a ngnáthnósanna oibre, ach táthar ag súil le roinnt coigiltis freisin de bhrí go mbeidh réitigh dhigiteacha in úsáid seachas roinnt cruinnithe duine le duine. Tá an coigilteas seo úsáidte ag an nGníomhaireacht mar chuid den infheistíocht atá déanta i mbonneagar cumarsáide feabhsaithe.

# Réimsí Riosca Airgeadais

**Tá an Ghníomhaireacht tiomanta dá seirbhísí a sholáthar laistigh den leithdháileadh a cuireadh ar fáil le haghaidh 2022. Ciallaíonn nádúr na seirbhísí atá á soláthar, áfach, gur fachtóir lárnach i gcinntí caiteachais a dhéanamh é sábháilteacht agus cúram aon linbh atá i mbaol. Braitheann soláthar seirbhíse éifeachtach agus dlús beartaithe an athchóirithe ar dóthain acmhainní a bheith ar fáil agus táthar ag fáiltiú roimh na hacmhainní breise atá á gcur ar fáil don Ghníomhaireacht le haghaidh 2022, acmhainní a chabhróidh go mór leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh an cúram agus na seirbhísí atá á soláthar ag Tusla do leanaí agus teaghlaigh leochaileacha inár sochaí.**

Tá eolas le fáil thíos faoi na príomhréimsí riosca airgeadais a bheidh ann don Ghníomhaireacht in 2022:

### Seirbhísí a Sholáthar laistigh den Leithdháileadh
Leanfaidh an Ghníomhaireacht le maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar bhainistiú an Leithdháilte d’fhonn a chinntiú go bhfuil an riosca róchaithimh chomh híseal agus is féidir in 2022. Rachaidh Tusla i gcomhairle leis an Aire agus le hoifigigh na Roinne chun comhaontú ar aon bhearta a bhaineann le gníomh ceartaitheach, i ndáil le hoibleagáidí reachtúla agus tograí seachadta seirbhíse a chomhlíonadh, má bhíonn róchaitheamh i gceist.

### Covid-19 agus Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha
Tá an Ghníomhaireacht airdeallach ar na dúshláin oibríochtúla shuntasacha a chruthaigh paindéim Covid 19 d’eagraíochtaí aonair, dúshláin a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a bpríomhsheirbhísí in 2022.



## Pá

Tá Straitéis Pá agus Uimhreacha bunaithe ag Tusla ar mhaithe le teorainneacha CL a shainaithint agus leithdháileadh riachtanach buiséad pá le haghaidh gach Réigiún/Ceantar Seirbhíse Tusla, Seirbhísí Náisiúnta agus Stiúrthóireachtaí Corparáideacha. Measadh go raibh an sprioc CL inacmhainne le haghaidh 2022, 5,289 CL, maoinithe go hiomlán (5,307 maoinithe ar bhonn páirtbhliana). Feidhmeoidh an sprioc seo mar rialú ardleibhéil i ndáil le costas pá agus líon in 2022 d'fhonn a chinntiú go bhfuil an Ghníomhaireacht ag feidhmiú laistigh dá leithdháileadh pá.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag líon níos mó ball foirne ag dul ar scor ná mar atá sonraithe sa bhuiséad le haghaidh 2022 ar **chostais phinsin**. Ní féidir na costais seo a rialú go héasca chomh fada is a bhaineann le feidhmíocht airgeadais agus tá sé deacair iad a thuar go beacht. Ullmhaíodh an plean seo ar an mbonn go ndéileálfar leis na fadhbanna maoinithe a bhaineann le pinsin ar leithligh ón acmhainn ghinearálta atá ar fáil le haghaidh soláthar seirbhíse.

**Seirbhísí Cónaithe:** De bhrí go bhfuil go leor éilimh fós ar shocrúcháin chónaithe, baineann deacracht le caiteachas a thuar agus a rialú i ndáil leis an tseirbhís seo atá bunaithe ar Éileamh. Bhain an róchaitheamh in 2021 leis an méadú ar an éileamh a bhí ar an tseirbhís seo in 2021 agus sna blianta roimhe seo. Sholáthair an Ghníomhaireacht acmhainní chun ELS a chlúdach go dtí deireadh 2021 agus acmhainní chun freastal ar mhéadú beag, a rabhthas ag súil leis ar éileamh in 2022. Má thagann méadú suntasach ar an tseirbhís seo atá bunaithe ar éileamh in 2022, bheadh gá le hathruithe maoinithe a dhéanamh i ndáil le gealltanais seirbhíse eile d'fhonn a chinntiú go leanann an Ghníomhaireacht ar aghaidh ar feidhmiú laistigh dá buiséad.

Cosnaíonn gach socrúchán i gCúram Cónaithe Phríobháidigh sa bhreis ar €300k sa bhliain anois agus cosnaíonn gach socrúchán i gCúram Altrama Phríobháidigh sa bhreis ar €50k sa bhliain. In 2020, d'fhoilsigh IGEES athbhreithniú mionsonraithe ar na costais a bhaineann leis an tseirbhís agus tá an tuarascáil seo ar fáil ag an nasc atá i gceangal leis seo. https://igees.gov.ie/wp-content/uploads/2020/11/Tusla-Residential-Care-Costs.pdf.

**Seirbhísí Míchumais:** Lean Tusla ar aghaidh ag íoc as socrúcháin leanaí agus aosach óg a bhfuil diagnóis de Mhíchumas Measartha nó Trom faighte acu agus a bhí faoi chúram Tusla. Thángthas ar chomhaontú idir DCEDIY agus an Roinn Sláinte in 2020 a chiallaigh go mbeadh maoiniú luach €5.5m á chur ar fáil do Tusla le haghaidh na socrúchán seo agus táthar ag súil leis an airgead seo a fháil ó FSS in 2022. Ina theannta sin, tá gach cás nua ina bhfuil seirbhísí cúraim á soláthar do leanbh a bhfuil diagnóis de Mhíchumas Measartha nó Trom faighte aige/aici, le maoiniú ag FSS agus Tusla ar bhonn 50/50. Cuirfear dlús le cur chun feidhme an chomhaontaithe seo le comhghleacaithe FSS le haghaidh 2022. De bhrí go mbraitheann an comhaontú ar mhaoiniú a bheith ar fáil laistigh d'acmhainní FSS, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh an méid maoinithe atá ar fáil do Tusla in 2022 teoranta.

**Clár IRPP:** Leithdháil Tusla €5m breise le haghaidh socrúchán nua comhaontaithe faoin gclár seo in 2021 atá fós ar fáil le haghaidh socrúchán breise in 2022. Bainfidh Tusla an oiread tairbhe agus is féidir as an maoiniú seo chun freastal ar leanaí a thagann go hÉirinn tríd an gclár seo. De bhrí go bhfuil an costas a bhaineann le gach socrúchán cosúil leis na costais a bhaineann le Seirbhísí Cónaithe, bheadh socrúcháin sa bhreis ar an líon inacmhainne mar bhonn le heasnaimh shuntasacha airgeadais.

**Seirbhísí Iarchúraim:** Tá breis is €35.0 milliún á chur ar fáil ag Tusla le haghaidh Seirbhísí Iarchúraim. Tacaíonn go leor den infheistíocht seo le haosaigh óga leochaileacha atá ag fágáil seirbhísí cúraim agus atá ag déileáil le fadhbanna a bhaineann le míchumas, andúil nó meabhairshláinte, mar aon leis na leochaileachtaí a mbíonn ar leanaí a chaith blianta a n-óige faoi chúram an stáit déileáil leo. Bheadh go leor de na haosaigh óga a bhfuiltear ag tacú leo gan dídean mura mbeadh na tacaíochtaí seo ar fáil. Chiallaigh géarchéim Covid-19 go bhfuil siad ag baint úsáide as seirbhísí iarchúraim le haghaidh tréimhsí níos faide ná mar a mbeidís ag súil leis, rud is cúis le costais níos airde.

**Seirbhísí Síceolaíochta:** Lean an Ghníomhaireacht le FSS a íoc le haghaidh seirbhísí síceolaíochta, €7 milliún sa bhliain. Chomh maith leis sin, ceannaíonn Tusla seirbhísí teiripe a chosain thart ar €4.5 milliún breise in 2021, agus táthar ag súil go mbeidh na costais seo fós le n-íoc in 2022.

Is trí chinntí Cúirte aonair a chinntear na costais a bhaineann le **Caomhnóir Ad Litem** agus bíonn caiteachas bunaithe ar éileamh dá mbarr nach mór don Ghníomhaireacht iad a íoc. Tá riosca ann go sáróidh an caiteachas le haghaidh GALanna an buiséad leithdháilte mar gheall ar a nádúr dothuartha.

Féadfaidh Tusla **íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát** i ndáil leis an gcostas a bhaineann le héilimh a tháinig chun cinn i mblianta roimhe sin a bhainistiú agus a shocrú in 2022. Is íocaíochtaí dlíthiúla agus teicniúla iad seo agus níl aon phleananna sa phlean gnó le haghaidh aon chaiteachais faoin gceannteideal seo de bhrí nach bhfuil aon bhuiséad ann chun an caiteachas seo a chlúdach.

**Caiteachas méadaithe TFC:** Tá infheistíocht shuntasach déanta i gcórais nua, ascnamh chuig TuslaIRL, cumasú soghluaisteachta, nascacht, trealamh agus bainistíocht sonraí de réir Straitéisí TFC agus Bainistíochta Sonraí na Gníomhaireachta.  Is é an tionchar atá aige seo go raibh costais oibriúcháin méadaithe sa réimse seo in 2022.

**Próisis Láimhe:** Mar gheall ar ghanntanas stairiúil infheistíochta sa réimse TFC, cuirtear roinnt próiseas íocaíochta i gcrích de láimh agus, dá réir sin, baineann riosca méadaithe leo mar gheall ar rialuithe láimhe agus easpa uathoibrithe. Tá an t-ardriosca seo sainaitheanta ag an nGníomhaireacht agus tá rialuithe maolaithe curtha i bhfeidhm le haghaidh na réimsí seo. Táthar ag súil go réiteofar cuid de na fadhbanna seo trí phróisis dea-chleachtais a chur i bhfeidhm faoi chóras airgeadais nua IFMS ainneoin nach mbeidh sé seo beo roimh Ráithe 2 2023.

**Saincheisteanna a bhaineann le Meabhrán Tuisceana (MOU) FSS:** Cuirtear san áireamh sa MOU le FSS maidir le comhroinnt seirbhísí nár bunaíodh Tusla leis an mbonneagar corparáideach riachtanach a bheadh ag teastáil chun na tacaíochtaí a sholáthar chun eagraíocht dá mhéad a rialú agus a riar go héifeachtach.  Ainneoin fás a bheith tagtha ar Tusla ó 2014, tá a bhonneagar lárnach le haghaidh seirbhísí TFC, Airgeadais, Soláthair, AD agus Eastát fós ag brath go mór ar FSS. Laghdófar an méid a mbeifear ag brath ar bhonneagar TFC go suntasach, ach ní chuirfear deireadh ar fad leis, nuair a chuirfear tionscadal TuslaIRL chun feidhme.

**Foláirimh sonraí agus toimhdí eile:** Tá an fhaisnéis airgeadais atá mar bhonn leis an bplean faoi réir srianta sonracha chórais airgeadais FSS atá faoi réir teorainn doiciméadaithe. Tá gach iarracht déanta laistigh den am agus de na hacmhainní atá ar fáil a chinntiú go bhfuil na meastacháin atá curtha ar fáil sa phlean chomh beacht agus is féidir tráth ullmhaithe an phlean. Ní mór an plean a léamh sa chomhthéacs thuasluaite, áfach, agus tugtar faoi deara go bhfuil lamháil earráide chomh beag le 0.5% cothrom le €4.4 milliún i dtéarmaí glanchaiteachais don Ghníomhaireacht.



# Caiteachas Caipitiúil

**Tá sé beartaithe ar an gcéad dul síos go bhfreastalóidh leithdháileadh caipitil 2022 ar ghealltanais chonarthacha reatha a bhí i bhfeidhm faoi Phleananna Caipitiúla roimhe seo mar aon le ceanglais seirbhíse atá beartaithe don todhchaí.**

## Tosaíochtaí Phlean Caipitiúil 2022

Tá tosaíochtaí Phlean Caipitiúil 2022 forbartha le míonna beaga anuas. Pointe tábhachtach is ea gur ann do cheanglais cheana féin maidir le tionscadail chaipitiúla leanúnacha a bhí i bhfeidhm in 2021 nó roimhe sin, cosúil le mórthionscadail athchóirithe ag Ionad Fhionntain, Port Laoise agus Ionad Iósaif, Luimneach, mar aon le roinnt miontionscadal caipitil nach mbeidh íoctha ina n-iomláine go dtí tús 2022.

Tá clár caipitil uaillmhianach beartaithe mar chuid de Straitéis Eastát Tusla, a cheadaigh an Bord in 2019, agus tá foráil déanta le haghaidh maoiniú tosaigh tionscadal den chineál sin faoin gceannteideal ginearálta “Straitéis Eastát”, agus d’fhorbairt leanúnach tionscadal nua atá beartaithe ag Campas Damhnait, Ceatharlach. Chomh maith leis sin, tá maoiniú curtha ar fáil do chláir chaipitil bhliantúla leanúnacha, lena n-áirítear Mionchlár Caipitil (lena n-áirítear comhlíonadh reachtúil, monatóireacht ar bhail, riosca bonneagair, oibreacha frithghníomhacha agus bainistíocht sócmhainní), agus don Chlár Feistithe leanúnach. Tá foráil déanta freisin i leithdháileadh caipitil 2022 chun tús a chur le clár athsholáthar an fhlít feithiclí. Ainneoin flít Tusla a bheith nuachóirithe go suntasach ó bunaíodh an Ghníomhaireacht, tá roinnt feithiclí le hathsholáthar in 2022. Seachas aois an fhlít, ciallaíonn comhdhéanamh an fhlít go mbeidh sé riachtanach é a athsoláthar ar bhonn céimnithe le feithiclí leictreacha atá níos oiriúnaí don aeráid, i dteannta leis an mbonneagar luchtaithe a bhaineann leis, de réir ghealltanais an Rialtais maidir le carbón a laghdú. I ndeireadh na dála, tá foráil déanta chun clár cuimsitheach céimnithe de shuirbhéanna maidir leis an mbail atá ar fhoirgneamh a choimisiúnú, agus tá an córas soláthair a bhaineann leis an gclár seo ar siúl go leanúnach.

Cuireadh tús le rannpháirtíocht fhoirmiúil le DCEDIY in 2020 agus leanadh leis in 2021 i ndáil le maoiniú na Straitéise Eastát, go háirithe i gcomhthéacs athbhreithniú NDP mar atá beartaithe i gClár an Rialtais. Glacadh leis an athbhreithniú seo mar dheis aitheantas a thabhairt do riachtanais shuntasacha lóistín Tusla, agus chun leibhéil lánbhrí de mhaoiniú caipitil a leithdháileadh i rith na mblianta amach romhainn, ainneoin é a bheith soiléir gur dócha nach mbeidh aon mhéadú suntasach ar mhaoiniú caipitil go dtí 2024/25 agus ina dhiaidh sin. Soláthraítear forléargas straitéiseach sa Straitéis Eastát ar na príomhfhorbairtí bonneagair atá riachtanach chun tacú le soláthar seirbhísí na Gníomhaireachta amach anseo agus an soláthar sin a fheabhsú.

Chomh maith leis sin, tacóidh plean caipitil 2022 le hinfheistíocht leanúnach i dtionscnaimh dhigitithe agus nuálaíochta atá curtha i gcrích faoi Straitéisí TFC agus Bainistíochta Sonraí Tusla. Tá achoimre ar an bpríomhfhorbairtí caipitil atá beartaithe le haghaidh 2022 le fáil i dTábla 5:



*Tábla 5: Forbairtí Caipitil Pleanáilte 2022*

| Réimse | Mír | 2022 €'m |
|---|---|---|
| Eastáit | Mionchaipiteal/Riosca Bonneagair | 4.000 |
| Eastáit | Ionad Iósaif, Luimneach, Céim 1 | 0.200 |
| Eastáit | Ionad Iósaif, Luimneach, Céim 2 | 0.700 |
| Eastáit | Ionad Fhionntain, Port Laoise | 0.250 |
| Eastáit | Teach athsholáthair CRS, Ceapach Choinn | 0.200 |
| Eastáit | Síneadh le háitreabh Tusla, Ceatharlach | 0.500 |
| Eastáit | Feistiú | 0.500 |
| Eastáit | Ceannach tithe CRS | 2.200 |
| Eastáit | Athsholáthar flít & ascnamh chuig Evs | 1.250 |
| Eastáit | Tionscadal an tSuirbhé Náisiúnta ar Bhail Foirgneamh | 0.500 |
| Eastáit | Straitéis Eastát – tionscadail nua | 0.150 |
| Eastáit | Iniúchtaí Fuinnimh | 0.050 |
| | **Fo-iomlán Eastát** | **10.500** |
| TFC | Bonneagar | 4.950 |
| TFC | Feidhmchláir (Forbairt Aipeanna & Soláthar Aipeanna) | 2.000 |
| TFC | Bainistíocht Sonraí agus Anailísíocht | 0.350 |
| TFC | Tionscnaimh príomhthionscadal bliantúil | 0.700 |
| | **Fo-iomlán TFC** | **8.000** |
| | **Iomlán** | **18.500** |

# Tosaíochtaí Airgeadais 2022

**Príomhthiománaí i bhfeabhsú próiseas agus teicneolaíocht airgeadais sna blianta amach romhainn é cur chun feidhme IFMS (Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais). Ciallóidh an t-aistriú chuig córas airgeadais amháin le haghaidh FSS agus Tusla go mbeidh úsáid á baint as an teicneolaíocht bogearraí airgeadais SAP is déanaí agus go mbeidh sé bunaithe ar phróisis a dhearadh de réir dea-chleachtais. Tá Tusla i measc an chéad ghrúpa aonad atá le himlonnú agus san áireamh sa phlean oibre feidhmithe beidh Tusla á ullmhú le haghaidh imlonnaithe in 2022, agus d'fhéadfaí tús a chur le himlonnú ag deireadh 2022 agus d'fhéadfadh go mbeadh an córas beo i Ráithe 2 2023.**

Tosaíocht leanúnach de chuid na Feidhme Airgeadais in 2022 é oibriú le comhghleacaithe TFC chun an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as teicneolaíocht ar mhaithe le héifeachtúlacht agus héifeachtacht na próiseála airgeadais laistigh den Ghníomhaireacht a fheabhsú.

Ar aon dul leis na prionsabail atá sonraithe sa Straitéis Airgeadais, tá sé beartaithe ag an bhFeidhm Airgeadais samhail oibriúcháin na Stiúrthóireachtaí a bheachtú in 2022 ionas go mbeidh an tsamhail ag freagairt do cheanglais na Gníomhaireachta i dtimpeallacht ina bhfuil athstruchtúrú Eagraíochtúil ag tarlú, athstruchtúrú a thionscain an POF agus a thiocfaidh i bhfeidhm i Ráithe 1 2022.

Leanfar le béim a leagan ar thábhacht phríomhacmhainn na Stiúrthóireachtaí Airgeadais, a mball foirne oilte agus eolasach, in 2022 chomh fada is a bhaineann le hoiliúint agus forbairt phearsanta.

Leanfaidh an fheidhm Airgeadais ag infheistiú i rialachas airgeadais fhoriomláin na Gníomhaireachta in 2022.

### Feabhsuithe ar Rialachas Airgeadais in 2022

Tá measúnú ar a Rialuithe Inmheánacha sonraithe ag an nGníomhaireacht ina Ráiteas ar Rialú Inmheánach sna Ráitis Airgeadais Bliantúla le haghaidh 2020. Sonraítear sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach bearta atá á gcur i gcrích ag an nGníomhaireacht chun déileáil le fadhbanna rialaithe ar fud na Gníomhaireachta. Tharraing an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG), ina dtuarascáil maidir le Ráitis Airgeadais 2020, aird ar an Soláthar Neamhchomhlíontach agus ar an sárú slándála TFC mar thoradh ar an gcibirionsaí bogearraí éirice ar FSS. Leanfar leis an obair in 2022 chun rialuithe sna réimsí seo a fheabhsú.

# Tosaíochtaí Soláthair

**Is gníomhaíocht ardriosca é soláthar poiblí don Ghníomhaireacht mar thoradh ar nádúr casta na bpróiseas a bhaineann le seirbhísí speisialaithe tacaíochta leanaí agus teaghlach a sholáthar áit nach bhfuil aon chur chuige amháin ann chun soláthairtí a reáchtáil le haghaidh na gcineálacha seo conarthaí.**

Leanfaidh an Ghníomhaireacht lena comhlíonadh le rialacháin soláthair atá sonraithe i Rialacháin na hÉireann 2016 (Treoir AE 2014/24) a fheabhsú, atá de réir beartas agus nósanna imeachta inmheánacha.



# Aguisín 2
## Gluais Téarmaí

| | |
|---|---|
| Samhail Barnahus | Ionad idirdhisciplíneach, ilghníomhaireachta atá oiriúnach do leanaí a fhreastalaíonn ar leanaí ar íospartaigh iad agus ar fhinnéithe i dtimpeallacht ina bhféadfaí leanaí a chur faoi agallamh agus scrúdú leighis a dhéanamh orthu chun críche fóiréinseacha, mar aon le measúnú cuimsitheach a dhéanamh, agus gach seirbhís theiripeach ábhartha a fháil ó ghairmithe oiriúnacha. |
| Creat Acmhainne | Tacar cur síos mionsonraithe agus iomparshonrach de na príomhchineálacha iompair, agus eolas, saintréithe agus eispéiris bhunúsacha atá riachtanach le haghaidh feidhmíocht rathúil i bpost, foireann nó eagraíocht. |
| Nós Imeachta chun Mí-úsáid Leanaí a Shuíomh (CASP) | Is athbhreithniú é an Nós Imeachta chun Mí-úsáid Leanaí a Shuíomh (CASP) ar Bheartas a cuireadh i dtoll a chéile in 2014 dar teideal "Beartas agus Nósanna Imeachta chun Freagairt do Líomhaintí Mí-úsáide agus Faillí". Tá sé bunaithe ar an méid a foghlaimíodh a léirigh go raibh sé riachtanach comhsheasmhacht cleachtais a fheabhsú tuilleadh sa Ghníomhaireacht. Ina theannta sin, bhí sé riachtanach athruithe a dhéanamh freisin chun breithiúnais dhlíthiúla nua a áireamh sa réimse casta dlí agus cleachtais seo. |
| An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin | Páirteach san Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin tá bainisteoirí ardleibhéil na heagraíochta a oibríonn le chéile chun oibríochtaí na Gníomhaireachta a fheabhsú, maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme spriocanna agus chuspóirí na Gníomhaireachta, agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an tsoláthair seirbhíse. |
| Caomhnóir Ad Litem (GAL) | Caomhnóir a cheapann an chúirt chun aire a thabhairt do leanbh/duine óg i rith cáis. |
| Fóraim Idirghníomhaireachta | Rannpháirtíocht fóram idirghníomhaireachta |
| Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais (IFMS) | Is córais iad córais chomhtháite bainistíochta airgeadais (IFMIS) a thacaíonn le bainistíocht oibríochtaí buiséadacha, airgeadais agus cuntasaíochta na hearnála poiblí agus le bainistíocht airgeadais phoiblí (PFM) níos fearr le clár lárnach d'ioncam agus de chaiteachas na hearnála poiblí. |
| Teaghlaigh Post | Is grúpaí post iad teaghlaigh post atá nasctha trí ghairmeacha/gairmeacha beatha coiteanna |
| Prótacal Comhpháirteach | Nuair a oibríonn dhá ghníomhaireacht nó níos mó le chéile chun prótacal a fhorbairt |
| Meabhrán Tuisceana (MoU) | Comhaontú idir beirt pháirtithe nó níos mó atá mínithe i ndoiciméad foirmiúil. |
| Táscairí feidhmíochta agus méadracht | Is bearta iad Táscairí Feidhmíochta, ar a dtugtar Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) freisin, a chabhraíonn leis an nGníomhaireacht dul chun cinn a bhaineann le cuspóirí a shainmhíniú agus a thomhas. Is uimhreacha atá i gceist le méadracht a sholáthraíonn faisnéis thábhachtach don Ghníomhaireacht faoi cé chomh maith is atá ag éirigh le próisis agus cá bhféadfaí feabhsuithe a chur i bhfeidhm. |
| Ráiteas Feidhmíochta | Is litir é an Ráiteas Feidhmíochta a eisíonn an tAire gach bliain, ina sonraítear an treo is mian leis an Aire a bheidh á leanúint ag an nGníomhaireacht chomh fada is a bhaineann lena Plean Gnó don bhliain dár gcionn |
| Pleanáil Buaine | Is éard atá i gceist le pleanáil buaine an cur chuige atá in úsáid d'fhonn a chinntiú go bhfuil teaghlach slán, cobhsaí agus grámhar ag leanaí le tacú leo i rith bhlianta a n-óige agus ina dhiaidh sin. Nuair is cur chuige pleanála atá dírithe ar an leanbh atá i gceist tá ceithre chonair ann ar féidir le leanaí tairbhe a bhaint astu chun buaine a chinntiú a áirítear ina measc athaontú i gcomhthéacs teaghlaigh, caomhnóireacht, cúram altrama agus uchtú fadtéarmach. |
| Creat Iniúchta Cleachtais | Creat chun cur síos a dhéanamh ar chuspóirí iniúchtaí cleachtais, scóip agus amlíne. |
| Dualgas na hEarnála Poiblí | Ciallaíonn Dualgas na hEarnála Poiblí go bhfuil oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daoine a bhfuil seirbhísí á soláthar acu dóibh agus comhaltaí foirne a chosaint le linn dóibh a gcuid oibre a chur i gcrích gach lá. |
| Conairí Freagartha | Na torthaí a bhunaítear i ndiaidh measúnú linbh a dhéanamh. |

| | |
|---|---|
| Ráitis sábháilteachta suíomhoiriúnaithe | Baineann Ráiteas Sábháilteachta Suíomhoiriúnaithe go sonrach leis an suíomh nó seirbhís, agus sonraítear ann na socruithe atá bunaithe chun sábháilteacht, sláinte agus leas ball foirne, úsáideoirí seirbhíse agus cuairteoirí a chosaint, mar aon leis an gcomhoibriú a theastaíonn ó bhaill foirne chun é sin a dhéanamh. |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | Comhlacht stáit a sholáthraíonn seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanais don Rialtas agus atá ainmnithe mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát nuair a bhíonn feidhmeanna bainistíochta éileamh, bainistíochta riosca agus bainistíochta costas dlí tarmligthe faoi Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 2000 agus Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 2014 á gcur i gcrích. |
| Ceannairí Luacha | Grúpa Gníomhaireachta ceannairí de gach grád, atá ainmnithe ag a bpiaraí, a thacaíonn le luachanna agus iompar na Gníomhaireachta a leabú. |
| Pleananna Foireann Oibre | An plean d'fhonn a chinntiú go bhfuil rochtain ag an eagraíocht ar chaipiteal daonna faoi láthair agus amach anseo de réir mar is gá chun feidhmiú go héifeachtach agus atá ailínithe le cuspóirí gnó agus fís fhadtéarmach foriomlán na heagraíochta. |

# Nótaí



TUSLA

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

www.tusla.ie